

ÚBE/GL/2021/13

22 Samhain 2021

Treoirlínte

maidir le beartais fhónta luach saothair
faoi Threoir (AE) 2019/2034

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dTreoirínte seo

1. Tá Treoirínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus do ghnólachtaí infheistíochta airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirínte, leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla arna sainaitheint in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena bhfuil feidhm ag treoirínte, comhlíonadh trí hiad a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil na treoirínte dírithe go príomha ar institiúidí.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó seachas sin cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh, faoin 16.05.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach leis an tagairt 'EBA/GL/2021/13'. Ba cheart go gcuirfeadh daoine a bhfuil údarás cuí acu fógraí isteach chun comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíithe

Ábhar

5. Sonraítear leis na treoirlínte seo freisin, i gcomhréir le hAirteagal 26(4) agus le hAirteagal 34(3) de Threoir 2019/2034, na beartais luach saothair atá fóna agus neodrach ó thaobh inscne de ar cheart iad a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta do gach ball foirne agus do na baill foirne uile a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca gnólachtaí infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn siad agus cur chun feidhme na maoluithe faoi mhír 4, faoi mhír 5, faoi mhír 6 d'Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 a éascú.
6. Cé go gceanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta beartais maidir le luach saothair a bheith acu do gach ball foirne, tá ceanglais bhreise i bhfeidhm maidir le beartais luach saothair agus le luach saothair athraitheach ball foirne sainaitheanta. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta, as a stuaim féin, forálacha na dtreoirlínte seo i ndáil le baill foirne shainaitheanta a chur i bhfeidhm ar gach ball foirne dá gcuid.

Seolaithe

7. Dírítear na treoirlínte seo ar na húdarais inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (viii) de Rialachán Uimh. 1093/2010 agus mar a shainítear in Airteagal 3(1), pointe 5 de Threoir (AE) 2019/2034, agus ar institiúidí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 1093/2010 ar gnólachtaí infheistíochta iad mar atá sainithe in Airteagal 4(1)(1) de Threoir 2014/65/AE, nach dtagann faoi Airteagal 2(2) de Threoir (AE) 2019/2034 agus nach gcomhlíonann na coinníollacha uile chun cáiliú mar ghnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

Raon feidhme an chur i bhfeidhm

8. Tá feidhm ag na treoirlínte seo ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 25 de Threoir 2019/2034/AE agus in Airteagal 7 de Rialachán 2019/2033/AE.

Sainmhíithe

9. Tá an bhrí chéanna sna treoirlínte agus atá leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainítear i dTreoir 2019/34/AE, i dTreoir 2014/65/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 2033/2019. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:

Ciallaíonn luach saothair	gach cineál luach saothair seasta agus inathraithe agus cuimsítear ann íocaíochtaí agus sochair, airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta, arna ndámhachtain go díreach do bhaill foirne ag gnólachtaí infheistíochta nó thar ceann gnólachtaí infheistíochta mar mhalairt ar sheirbhísí gairmiúla arna soláthar ag baill foirne, íocaíochtaí úis iompartha de réir bhrí Airteagal 4(1)(d) de Threoir 2011/61/AE ² , agus íocaíochtaí eile arna ndéanamh trí mhodhanna agus trí bhealaí, a mbeadh sárú ³ ar cheanglais luach saothair Threoir (AE) 2019/2034 mar thoradh orthu, dá mba rud é nach meastar gur luach saothair iad.
Ciallaíonn luach saothair seasta	íocaíochtaí nó sochair do bhaill foirne a chomhlíonann na coinníollacha maidir lena dhámhachtain atá leagtha amach i gcuid 7.
Ciallaíonn luach saothair inathraithe	gach luach saothair nach bhfuil seasta.
Ciallaíonn pacáistí gnáthfhostaíochta	comhpháirteanna coimhdeacha den luach saothair is infhaighte do dhaonra leathan ball foirne nó do bhaill foirne i bhfeidhmeanna sonraithe bunaithe ar chritéir roghnúcháin réamhchinnte, lena n-áirítear, mar shampla, cúram sláinte, saoráidí cúraim leanaí nó ranníocaíochtaí pinsin rialta comhréireacha de bhreis ar an gcóras éigeantach agus ar an liúntas taistil.
Ciallaíonn bónas coinneála	luach saothair inathraithe arna dhámhachtain ar an gcoinníoll go bhfanfaidh na baill foirne sa ghnólacht infheistíochta ar feadh tréimhse ama réamhshainithe.
Ciallaíonn baill foirne	na fostaithe uile de chuid gnólachta infheistíochta agus a fhochuideachtaí ar bhonn comhdhlúite agus gach comhalta dá gcomhlachtaí bainistíochta faoi seach ina fheidhm bhainistíochta agus ina fheidhm mhaoirseachta.
Ciallaíonn baill foirne shainaitheanta	baill foirne a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca aonair an ghnólachta infheistíochta nó ar phróifíl riosca an ghrúpa nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach in Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2019/2034, an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún a glacadh faoin gcumhachtú laistigh den fhómhír dheireanach d'Airteagal 30(4) den Treoir seo (CTR maidir le baill foirne shainaitheanta) agus, nuair is iomchuí, lena áirithiú go sainaitheofar go hiomlán na baill foirne a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar an bpróifíl riosca, critéir bhreise arna sainiú ag an ghnólacht infheistíochta.
Ciallaíonn comhdhlúthú stuamachta	cur i bhfeidhm na rialacha stuamachta atá leagtha amach in Airteagal 25(4) de Threoir (AE) 2019/2034 agus in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033.

² Treoir 2011/61/AE... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (AIFMD).

³ Maidir le sárú féach cuid 10.2 de na treoirlínte seo.

Ciallaíonn an inscne thearcionadaithe	an inscne fhireannach nó bhaineannach is lú ionadú.
Ciallaíonn bearna phá idir na hinscní	an difríocht idir meántuilleamh comhlán fear agus ban in aghaidh na huaire arna shloinneadh mar chéatadán de mheántuilleamh comhlán fear.
Ciallaíonn máthairghnóthas de chuid an Aontais	máthairghnóthas infheistíochta de chuid an Aontais, máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha an Aontais a gceanglaítear orthu cloí leis na ceanglais stuamachta ar bhonn na staide comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033.
Ciallaíonn institiúid chomhdhlúthúcháin	an infheistíocht nó an gnólacht infheistíocht a gceanglaítear orthu cloí leis na ceanglais stuamachta ar bhonn na staide comhdhlúite i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 109 de Threoir 2013/36/AE nó Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033. Cuimsítear in aon tagairt don téarma ‘institiúid chomhdhlúthúcháin’ máthairghnóthas de chuid an Aontais.
Ciallaíonn stór bónas	uasmhéid an luach saothair inathraithe is féidir a dhámhachtain sa phróiseas dámhachtana arna shocrú ar leibhéal an ghnólachta infheistíochta nó aonad gnó an ghnólachta infheistíochta.
Ciallaíonn tréimhse fhabhraithe	an tréimhse ama ina ndéantar an fheidhmíocht a mheasúnú agus a thomhas chun dámhachtain luach saothair inathraithe a chinneadh.
Ciallaíonn tréimhse fhabhraithe ilbhliantúil neamh-imrothlach	tréimhse fhabhraithe ilbhliantúil nach tharlaíonn i gcomhthráth le tréimhsí fhabhraithe ilbhliantúla eile.
Ciallaíonn dámhachtain	luach saothair inathraithe a dheonú ar feadh tréimhse fhabhraithe ar leith, go neamhspleách ar an bpointe ama iarbhír ina n-íoctar an méid a dámhadh.
Ciallaíonn dílsiú	an éifeacht trína dtagann an ball foirne chun bheith ina úinéir dlíthiúil ar an luach saothair inathraithe arna dhámhachtain, neamhspleách ar an ionstraim a úsáidtear don íocaíocht nó má tá an íocaíocht faoi réir tréimhsí coinneála breise nó socruithe aisghlámtha.
Ciallaíonn íocaíochtaí tosaigh	íocaíochtaí a dhéantar díreach i ndiaidh na tréimhse fhabhraithe agus nach bhfuil iarchurtha.
Ciallaíonn tréimhse iarchurtha	an tréimhse ama idir an dámhachtain agus dílsiú an luach saothair inathraithe i gcás nach hiad na baill foirne úinéir dlíthiúil an luach saothair a dámhadh.
Ciallaíonn ionstraimí	na hionstraimí airgeadais sin, conarthaí eile nó bealaí a thagann faoi cheann de na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 32(1)(j) de Threoir (AE) 2019/2034.
Ciallaíonn tréimhse coinneála	tréimhse ama i ndiaidh dílsiú ionstraimí a dámhadh mar luach saothair inathraithe nach féidir iad a dhíol nó a rochtain.

Ciallaíonn ‘malus’	socrú lena gceadaítear don ghnólacht infheistíochta luach an luach saothair inathraithe iarchurtha go léir nó cuid de a laghdú bunaithe ar choigeartuithe riosca ex post sula ndílsítear é.
Ciallaíonn aisghlámadh	socrú faoina gcaithfidh an ball foirne úinéireacht a thabhairt ar ais ar mhéid luach saothair inathraithe a íocadh san am a chuaigh thart nó a bhí dílsithe cheana féin don ghnólacht infheistíochta faoi choinníollacha áirithe.
Ciallaíonn ionstraimí atá nasctha le scaireanna	na hionstraimí sin a bhfuil a luach bunaithe ar luach an stoic agus lena bhfuil an luach scaire mar phointe tagartha, e.g. cearta ar luachmhéadú stoic, cineálacha scaireanna sintéiseacha.
Ciallaíonn scairshealbhóirí	duine ar leis nó léi scaireanna i ngnólacht infheistíochta nó, ag brath ar fhoirm dhlíthiúil gnólachta infheistíochta, úinéirí eile nó baill den ghnólacht infheistíochta.
Ciallaíonn íocaíochtaí téarfa	íocaíochtaí a bhaineann le luathfhoirceannadh conartha, i.e. i gcás conarthaí sealadacha, foirceannadh roimh dháta deiridh an chonartha agus i gcás conarthaí éiginnte roimh scor conarthach nó dlíthiúil, ag gnólacht infheistíochta nó ag a fhochuideachtaí.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

10. Beidh feidhm leis na treoirlínte ón 30 Aibreán 2022.

Forálacha idirthréimhseacha

11. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta coigeartuithe ar bith ar a mbeartais maidir le luach saothair a chur chun feidhme faoin 30 Aibreán 2022 agus na doiciméid riachtanacha a nuashonrú dá réir. I gcás go dteastaíonn faomhadh scairshealbhóirí le haghaidh athbhreithnithe den sórt sin, ba cheart faomhadh a iarraidh roimh an 30 Meitheamh 2022. Gan dochar do chur chun feidhme Threoir (AE) 2019/2014 sa dlí náisiúnta, ba cheart an beartas luach saothair a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na treoirlínte seo don bhliain feidhmíochta dar tosach an 31 Nollaig 2021.

4. Treoirlínte

Teideal I - Beartais luach saothair

1. Beartais luach saothair do gach ball foirne

12. I gcomhréir le hAirteagal 26 de Threoir (AE) 2019/2034, ceanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta beartas luach saothair a bheith acu do gach ball foirne, agus na critéir laistigh d'Airteagail 28 go 33 den Treoir seo agus sna treoirlínte seo á gcur san áireamh. Ba cheart go mbeadh an beartas luach saothair do gach ball foirne neodrach ó thaobh inscne de, i.e. ba cheart go mbeadh an luach saothair céanna ag baill foirne, neamhspleách ar a n-inscne, as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach i gcomhréir le pointe 12 d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2034 agus Airteagal 157 CFAE. Ba cheart go mbeadh cur chuige atá neodrach ó thaobh inscne de ann maidir le harduithe pá agus dul chun cinn gairme.
13. Ba cheart go sonrófaí sa bheartas luach saothair gach comhpháirt den luach saothair agus go gcuimseofaí ann freisin an beartas pinsin, lena n-áirítear, más ábhartha, an creat le haghaidh luathscoir. Ba cheart go ndéanfaí creat a leagan síos sa bheartas luach saothair chomh maith do dhaoine eile a ghníomhaíonn thar ceann an ghnólachta infheistíochta (e.g. gníomhairí ceangailte), lena n-áirítear go ndéanfar dreasachtaí a sholáthar leis na híocaíochtaí a dhéantar le haghaidh glacadh stuama rioscaí agus nach ndéantar foráil iontu maidir le haon dreasacht le haghaidh rioscaí iomarcacha a ghlacadh nó le haghaidh mídhíol táirgí.
14. Ba cheart go dtiocfadh luach saothair seasta na mball foirne lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagracht eagraíochtúil ag cur san áireamh an leibhéal oideachais, méid na sinsearachta, an leibhéal saineolais agus scileanna, na srianta (e.g. tosca sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha nó tosca ábhartha eile) agus taithí oibre, an ghníomhaíocht ghnó ábhartha agus leibhéal luach saothair an tsuímh gheografaigh. Ba cheart go mbeadh an luach saothair seasta neodrach ó thaobh inscne de mar atá sé leis an luach saothair inathraithe.
15. I gcás go mbaineann gnólacht infheistíochta leas as tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách, ba cheart don ghnólacht infheistíochta a áirithiú go bhfuil an beartas luach saothair do na baill foirne go léir comhsheasmhach leis na ceanglais faoi Airteagal 31 de Threoir (AE) 2019/2034.
16. Ba cheart go mbeadh beartas luach saothair an ghnólachta infheistíochta do gach ball foirne comhsheasmhach le cuspóirí straitéis ghnó agus riosca an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR ⁴), cultúr agus luachanna corparáideacha, cultúr riosca, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le tosca riosca comhshaoil, shóisialta agus rialachais (CSR), leasanna fadtéarmacha an ghnólachta infheistíochta, agus na bearta a úsáidtear chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, rioscaí a ghlacadh go stuama agus

⁴ Féach chomh maith Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Márta 2019 maidir le nochtadh ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais

iompar freagrach gnó a spreagadh. Ba cheart athruithe ar chuspóirí agus ar bhearta dá leithéid a chur san áireamh agus an beartas luach saothair á nuashonrú. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go bhfuil cleachtais luach saothair ag teacht lena n-inghlacthachta riosca fhoriomlán, agus na rioscaí uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear rioscaí clú agus rioscaí oibriúcháin a thagann as mídhíol táirgí. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta leasanna fadtéarmacha na scairshealbhóirí nó na n-úinéirí a chur san áireamh chomh maith, ag brath ar fhoirm dhlíthiúil an ghnólachta infheistíochta.

17. Ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta ábalta a léiriú do na húdaráis inniúla go bhfuil an beartas agus na cleachtais luach saothair comhsheasmhach le bainistíocht fhóna agus éifeachtach riosca agus go gcuirtear chun cinn í leo.
18. I gcás go ndámhtar luach saothair inathraithe, ba cheart go mbeadh dámhachtainí dá leithéid bunaithe ar fheidhmíocht na ngnólachtaí infheistíochta, na mball foirne agus, más infheidhme, na n-aonad gnó agus go gcuirtear na rioscaí a glacadh san áireamh iontu. Ba cheart go ndéanfaí idirdhealú soiléir leis an mbeartas luach saothair maidir leis an luach saothair inathraithe agus an measúnú feidhmíochta idir feidhmeanna an gnó oibriúcháin, feidhmeanna corparáideacha agus feidhmeanna rialaithe. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a mheas cad iad na gnéithe den bheartas luach saothair ar luach saothair inathraithe na mball foirne sainaitheanta faoi Airteagal 32 de IFD ar cheart iad a chuimsiú sa bheartas luach saothair do na baill foirne ar fad.
19. Ba cheart go mbeadh an beartas luach saothair comhsheasmhach leis an gceanglas go bhfuil bonn caipitil fóna ag gnólacht infheistíochta. Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin sa bheartas luach saothair srianta féideartha ar dháiltí faoi Airteagal 39 de Threoir (AE) 2019/2034.
20. Ba cheart go gcuimseofaí an méid seo a leanas as bheartas luach saothair:
 - a. na cuspóirí feidhmíochta don ghnólacht infheistíochta, do na réimsí gnó agus do na baill foirne;
 - b. na modhanna chun feidhmíocht a thomhas, lena n-áirítear na critéir fheidhmíochta;
 - c. struchtúr an luach saothair inathraithe, lena n-áirítear, más infheidhme, na hionstraimí ina ndámhtar codanna den luach saothair inathraithe;
 - d. bearta coigeartaithe riosca ex ante agus ex post an luach saothair inathraithe⁵.
21. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go sainaitheofar agus go mbainisteofar coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca ionstraimí a íoc mar chuid den luach saothair athraithe nó seasta a shainithint agus a bhainistiú. Áirítear leis sin a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha trádála chos istigh agus nach ndéanfar aon bhearta a bhféadfadh tionchar gearrthéarmach a bheith acu ar phraghas na scaireanna nó na n-ionstraimí.

⁵ Tá ceanglais shonracha maidir le luach saothair na mball foirne sainaitheanta agus a ailíniú riosca cuimsithe i dTeidil III agus IV de na treoirlínte seo.

22. I gcás go gcuirtear beartais luach saothair nó grúpbheartais luach saothair chun feidhme i ngnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear ina bhfochuideachtaí, agus gurb iad foireann an ghnólachta infheistíochta úinéirí tromlaigh an ghnólachta infheistíochta nó na fochuideachta freisin, ba cheart an beartas maidir le luach saothair a choigeartú de réir staid shonrach na ngnólachtaí nó na bhfochuideachtaí sin. Maidir le baill foirne shainaitheanta, ba cheart don ghnólacht infheistíochta a áirithiú go gcomhlíonfar leis an mbeartas luach saothair na ceanglais ábhartha faoi Airteagal 30 agus faoi Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 agus faoi na treoirlínte seo ar leibhéal aonair agus más infheidhme, ar leibhéal comhdhlúite.
23. Gan dochar do bhearta ar bith arna nglacadh ag na Ballstáit⁶ chun míbhuntáistí i ngairmeacha gairmiúla na hinscne tearcionadaithe a chosc nó iad a chúiteamh⁷, ba cheart go mbeadh an beartas luach saothair agus na coinníollacha fostaíochta gaolmhara go léir a bhfuil tionchar acu ar an bpá in aghaidh an aonaid tomhais nó an ráta ama neodrach ó thaobh inscne de, i.e. níor cheart go mbeadh aon idirdhealú idir baill foirne den inscne fhireannach, bhaineann nó athraitheach.
24. Ba cheart go n-áiritheofaí le beartas luach saothair atá neodrach ó thaobh inscne de go bhfuil gach gné den bheartas luach saothair neodrach ó thaobh inscne de, lena n-áirítear na coinníollacha dámhachtana agus eisíocaíochta le haghaidh luach saothair. Ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta ábalta a léiriú go bhfuil an beartas luach saothair neodrach ó thaobh inscne de.
25. Agus an pá in aghaidh an aonaid tomhais nó ama á chinneadh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an luach saothair a dámhadh, na socruithe ama oibre, tréimhsí saoire bliantúla agus sochair airgeadais agus neamhairgeadais eile a chur san áireamh go cuí. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta oll-luach saothair bliantúil na mball foirne arna ríomh ar bhonn coibhéiseach lánaimseartha a úsáid mar aonad tomhais.
26. Chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeartas luach saothair atá neodrach ó thaobh inscne de, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta luach an phoist a thaifeadadh go hiomchuí, e.g. trí chur síos poist a thaifeadadh nó trí chatagóirí pá a shainiú, do gach ball foirne nó do chatagóirí ball foirne agus a chinneadh cad iad na poist a meastar go bhfuil luach comhionann leo, e.g. trí chóras aicmithe post a chur chun feidhme, ag cur san áireamh ar a laghad an cineál gníomhaíochtaí, cúraimí agus dualgas a shanntar don phost nó do bhall foirne. I gcás go n-úsáidtear córas aicmithe post chun pá a chinneadh, ba cheart go mbeadh sé bunaithe ar na critéir chéanna d'fhir, do mhná agus do bhaill foirne inscní athraitheacha agus mar sin ba cheart é a dhréachtú ionas go ndéanfar aon idirdhealú, lena n-áirítear ar fhorais inscne a eisiamh.

⁶ E.g. agus Treoir 2006/54/CE á cur chun feidhme

⁷ Cé go n-úsáidtear an téarma 'gnéas tearcionadaithe' in Airteagal 157 CFAE, úsáidtear an téarma 'inscne thearcionadaithe' sna treoirlínte seo freisin, i gcomhréir le téarmaíocht an CDR, tá an bhrí chéanna leis an dá théarma chun críche na treoirlíne seo.

27. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta gnéithe breise a bhreithniú ar bhealach atá neodrach ó thaobh inscne de agus luach saothair na foirne á chinneadh. D'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith i gceist:
- riachtanais oideachais, ghairmiúla agus oiliúna, scileanna, iarracht agus freagracht, an obair a dhéantar agus cineál na gcúraimí atá i gceist⁸;
 - áit na fostaíochta agus na costais mhaireachtála;
 - leibhéal ordlathach na mball foirne agus má tá freagrachtaí bainistíochta ar an bhfoireann;
 - leibhéal oideachais fhoirmiúil na mball foirne;
 - ganntanas na mball foirne atá ar fáil i margadh an tsaothair le haghaidh poist faoi leith;
 - cineál an chonartha fostaíochta, lena n-áirítear más conradh sealadach nó conradh a bhfuil tréimhse éiginnte leis é;
 - fad thaithí ghairmiúil na mball foirne;
 - teastais ghairmiúla na mball foirne;
 - sochair iomchuí, lena n-áirítear liúntais bhreise teaghlaigh agus leanaí a íoc le baill foirne a bhfuil céilí agus baill teaghlaigh cleithiúnacha acu.

2. Rialachas maidir le luach saothair

2.1 Freagrachtaí, dearadh, faomhadh agus maoirseacht maidir leis an mbeartas luach saothair

28. Ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta⁹ ina fheidhm mhaoirseachta ('feidhm mhaoirseachta' anseo feasta) freagrach as beartas luach saothair an ghnólachta infheistíochta a ghlacadh agus a choimeád, agus as maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme lena áirithiú go bhfuil sé ag feidhmiú go hiomlán mar a ceapadh. Ba cheart don fheidhm mhaoirseachta aon díolúintí ábhartha ina dhiaidh sin a dhéanfar do bhaill aonair foirne agus athruithe ar an mbeartas luach saothair a fhaomhadh freisin agus a n-éifeachtaí a mheas go cúramach agus faireachán a dhéanamh orthu. Níor cheart go mbeadh díolúintí ar bith bunaithe ar chúinsí inscne nó ar ghnéithe eile a bheadh idirdhealaitheach, ba cheart go mbeidís

⁸ Féach chomh maith an moladh ón gCoimisiún an 7.3.2014 maidir le prionsabal an phá chomhionann idir fir agus mná a neartú trí thrédhearcacht

⁹ Is féidir struchtúir comhlachtaí bainistíochta éagsúla a bhreathnú i dtíortha Eorpacha. Tá struchtúr aonadach coitianta i roinnt tíortha, i.e. is é comhlacht amháin a fheidhmíonn feidhmeanna maoirseachta agus bainistíochta an bhoird. Tá dé-struchtúr coitianta i dtíortha eile, i gcás go mbunaítear dhá chomhlacht neamhspleácha, ceann amháin le haghaidh na feidhme bainistíochta agus an ceann eile chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm bhainistíochta.

réasúnaithe go maith agus ba cheart go mbeidís i gcomhréir leis na ceanglais maidir le luach saothair faoin dlí náisiúnta.

29. Ba cheart go mbeadh eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach ag an bhfeidhm mhaoirseachta i dteannta a chéile i ndáil le beartais agus cleachtais luach saothair agus i ndáil le dreasachtaí agus rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn astu. Ba cheart go n-áireofaí leis sin eolas, scileanna agus taithí maidir leis na sásraí chun struchtúr an luach saothair a ailíniú le próifílí riosca agus struchtúr caipitil gnólachtaí infheistíochta.
30. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an bhfeidhm mhaoirseachta go gcuirfear beartais agus cleachtais luach saothair an ghnólachta infheistíochta chun feidhme go hiomchuí agus go ndéanfar iad a ailíniú le creat rialachais chorparáidigh foriomlán an ghnólachta infheistíochta, leis an gcultúr corparáideach agus riosca, leis an inghlachtacht riosca agus leis na próisis rialachais ghaolmhara.
31. Ba cheart coinbhleachtaí leasa maidir leis an mbeartas luach saothair agus an luach saothair a dhámhtar a shainaithint agus a mhaolú go hiomchuí, lena n-áirítear trí chritéir dhámhachtana oibiachtúla a chur ar bun bunaithe ar an gcóras tuairiscithe inmheánaigh, ar rialuithe iomchuí agus ar phrionsabal na gceithre súile. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an mbeartas luach saothair nach dtiocfaidh aon choinbhleachtaí leasa ábhartha chun cinn, lena n-áirítear do bhaill foirne i bhfeidhmeanna rialaithe.
32. Ba cheart go mbeadh an beartas agus na cleachtais luach saothair agus na nósanna imeachta chun iad a chinneadh soiléir, dea-dhoiciméadaithe agus trédhearcach. Ba cheart doiciméid iomchuí ar an bpróiseas cinnteoireachta (e.g. miontuairiscí cruinnithe ábhartha, tuarascálacha ábhartha, agus doiciméid ábhartha eile) agus an réasúnaíocht taobh thiar den bheartas luach saothair a choinneáil.
33. Ba cheart go n-oibreodh na feidhmeanna maoirseachta agus bainistíochta agus, i gcás go bhfuil siad curtha ar bun, na coistí luach saothair agus na coistí riosca go dlúth le chéile agus a áirithiú go bhfuil an beartas luach saothair ag teacht le bainistíocht riosca fhónta agus éifeachtach agus go gcuirtear chun cinn í leis.
34. Ba cheart go mbeadh foráil sa bheartas luach saothair i leith creat éifeachtach maidir le feidhmíocht a thomhas, coigeartú riosca agus naisc feidhmíochta le luach saothair.
35. Ba cheart don feidhm um chomhlíonadh agus don fheidhm bainistíochta riosca, i gcás go bhfuil siad curtha ar bun,¹⁰ nó na baill foirne ar cuireadh feidhmiú nósanna imeachta bainistíochta riosca de chúram orthu (ba cheart a thuiscint anseo feasta go bhfuil feidhm ag tagairt don fheidhm bainistíochta riosca ar an dóigh chéanna leis na baill foirne ar cuireadh nósanna imeachta bainistíochta riosca de chúram orthu, i gcás nach bhfuil feidhm dá leithéid curtha ar bun), ionchur éifeachtach a sholáthar i gcomhréir lena róil maidir le stórtha bóinas, critéir

¹⁰ Féach treoirínte ÚBE ar rialachas inmheánach do ghnólacht infheistíochta

feidhmíochta agus dámhachtainí luach saothair a shocrú i gcás go bhfuil imní ar na feidhmeanna sin maidir leis an tionchar ar iompar ball foirne agus risíocht an ghnó arna dhéanamh.

36. Ba cheart don fheidhm mhaoirseachta luach saothair chomhaltáí na feidhme bainistíochta a chinneadh agus a mhaoirsiú agus, murar cuireadh an coiste luach saothair ar bun dá dtagraítear i alt 2.4, maoirseacht a dhéanamh go díreach ar luach saothair na n-oifigeach sinsearach sna feidhmeanna rialaithe neamhspleácha, lena n-áirítear an fheidhm um chomhlíonadh agus an fheidhm bhainistíochta riosca, i gcás go bhfuil siad curtha ar bun.
37. Ba cheart go gcuirfeadh an fheidhm mhaoirseachta an t-ionchur a sholáthraíonn na feidhmeanna agus na comhlachtaí corparáideacha inniúla uile (e.g. feidhm coistí, feidhmeanna rialaithe¹¹, acmhainní daonna, dlí, pleanála straitéisí, bhuiséadach, etc.) agus aonaid ghnó maidir le dearadh, cur chun feidhme agus maoirseacht na n-aonad gnó ar bheartais luach saothair an ghnólachta infheistíochta.
38. Ba cheart don fheidhm acmhainní daonna a bheith páirteach i ndrúchtú agus i measúnú an bheartais luach saothair don ghnólacht infheistíochta, lena n-áirítear an struchtúr luach saothair, an ghné a bhaineann le neodracht ó thaobh inscne de, leibhéil luach saothair agus scéimeanna dreasachta, agus ar bhealach go ndéanfaí na baill foirne a theastaíonn ó ghnólacht infheistíochta a mhealladh agus a choinneáil, agus lena áirithiú freisin go bhfuil an beartas luach saothair ag teacht le próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta.
39. Ba cheart go gcuideodh an fheidhm bainistíochta riosca le bearta feidhmíochta oiriúnacha arna gcoigeartú ar riosca a shainiú agus bonn eolais a chur fúthu (lena n-áirítear coigeartuithe ex post) chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil tionchar ag an struchtúr luach saothair inathraithe ar phróifíl riosca agus ar chultúr an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart go ndéanfadh an fheidhm bainistíochta riosca sonraí coigeartaithe riosca a bhailíochtú agus a mheasúnú chomh maith le cuireadh a thabhairt di freastal ar chruinnithe an choiste luach saothair maidir leis an ábhar sin.
40. Ba cheart don fheidhm um chomhlíonadh anailís a dhéanamh ar an dóigh a dtéann an beartas luach saothair i gcion ar chomhlíonadh an ghnólachta infheistíochta maidir le reachtaíocht, rialacháin, beartais inmheánacha agus an cultúr riosca agus ba cheart go dtuairisceodh sí gach riosca agus ceisteanna um neamh-chomhlíonadh a shainaithneofar don chomhlacht bainistíochta, ina feidhmeanna bainistíochta agus maoirseachta araon. Ba cheart don fheidhm mhaoirseachta torthaí na feidhme um chomhlíonadh a chur san áireamh agus an beartas luach saothair á fhaomhadh, á athbhreithniú agus á mhaoirsiú.
41. Ba cheart don fheidhm iniúcháireachta inmheánaí, i gcás go bhfuil sí curtha ar bun, athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar dhearadh, ar chur chun feidhme agus ar éifeachtaí bheartais luach saothair an ghnólachta infheistíochta ar a phróifíl riosca agus ar an dóigh a ndéantar na héifeachtaí sin a bhainistiú i gcomhréir leis na treoirlínte dá bhforáiltear i gcuid 2.5.

¹¹ Féach treoirlínte ÚBE ar rialachas inmheánach do ghnólacht infheistíochta

Féadfaidh eintiteas grúpa eile an t-athbhreithniú a dhéanamh nó é a sheachfhoinsiú chuig páirtí seachtrach.

42. Laistigh de chomhthéacs grúpa, ba cheart go ndéanadh na feidhmeanna inniúla laistigh den mháthairghnóthas agus d'fhochuideachtaí de chuid an Aontais idirghníomhú agus faisnéis a mhalartú de réir mar is iomchuí. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta faisnéis a mhalartú chomh maith, de réir mar is iomchuí, lena n-institiúid chomhdhlúthúcháin, i gcásanna go bhfuil an institiúid chomhdhlúthúcháin faoi réir Threoir 2013/36/AE.

2.2 Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí

43. Ag brath ar fhoirm dhlíthiúil an ghnólachta infheistíochta agus ar an dlí náisiúnta is infheidhme, féadfar faomhadh beartais luach saothair de chuid gnólachta infheistíochta agus, nuair is iomchuí, cinntí a bhaineann le luach saothair chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus ball foirne shainitheanta eile a shannadh do chruinniú na scairshealbhóirí freisin de réir dhlí náisiúnta na gcuideachtaí¹². D'fhéadfadh vóta na scairshealbhóirí a bheith comhairleach nó ceangailteach.
44. I gcás go sanntar faomhadh luach saothair chomhaltaí aonair an chomhlachta bainistíochta agus ball foirne sainitheanta eile do scairshealbhóirí, ba cheart do scairshealbhóirí gach comhpháirt den luach saothair a fhaomhadh, lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí. I gcás go bhfuil faomhadh an bheartais luach saothair faoi réir fhaomhadh na scairshealbhóirí, ba cheart dóibh freisin méid uasta na n-íocaíochtaí is féidir a dhámhachtain don chomhlacht bainistíochta agus do bhaill foirne shainitheanta eile a fhaomhadh ar bhonn ex ante i gcás foirceannadh luath conartha nó critéir maidir le méideanna den sórt sin a chinneadh.
45. Chun gur féidir le scairshealbhóirí cinntí eolasacha a dhéanamh i gcomhréir le mír 43 agus mír 44, ba cheart don fheidhm mhaoirseachta a áirithiú go soláthróidh an gnólacht infheistíochta faisnéis leordhóthanach dóibh maidir leis an mbeartas luach saothair a dearadh chun cabhrú leo measúnú a dhéanamh ar an struchtúr dreasachta agus ar a mhéid a bhfuil glacadh riosca á dhreasachtú agus á rialú chomh maith le costas iomlán an struchtúir luach saothair. Ba cheart faisnéis dá leithéid a sholáthar i bhfad roimh chruinniú na scairshealbhóirí ábhartha. Ba cheart faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir le beartais luach saothair agus athruithe orthu, nósanna imeachta agus próisis chinnteoireachta chun pacáiste luach saothair a shocrú agus ba cheart an méid seo a leanas a chuimsiú inti:
 - a. comhphárteanna an luach saothair;
 - b. príomhthréithe agus príomhchuspóirí na bpacáistí luach saothair agus a n-ailíniú leis an straitéis ghnó agus riosca, lena n-áirítear an inghlacthacht riosca agus luachanna corparáideacha an ghnólachta infheistíochta;

¹² Féach freisin Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí 2007/36, arna leasú le Treoir 2017/828, Airteagail 9a agus 9b.

- c. an dóigh a n-áirithíonn sé go bhfuil an beartas luach saothair neodrach ó thaobh inscne de;
 - d. conas a chuirtear na pointí faoi (b) san áireamh i gcoigeartuithe ex ante/ex post, go háirithe maidir le baill foirne shainaitheanta.
46. Tá an fheidhm mhaoirseachta fós freagrach as na tograí a chuirtear faoi bhráid chruinniú na scairshealbhóirí, agus as cur chun feidhme iarbhrí agus as maoirseacht a dhéanamh athruithe ar bith ar na beartais agus na cleachtais luach saothair.

2.3 Coiste luach saothair a chur ar bun

47. Mura sonraítear a mhalairt leis an dlí náisiúnta, ní mór do ghnólacht infheistíochta ag a bhfuil sócmhainní ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe, arna luacháil ag níos mó ná EUR 100 milliún ar an meán thar an tréimhse ceithre bliana díreach roimh an mbliain airgeadais ar leith, coiste luach saothair a chur ar bun chun comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus chun na cinntí a bheidh le déanamh ag an gcomhlacht sin a ullmhú.
48. Féadfar an coiste luach saothair a chur ar bhun ar leibhéal an ghrúpa, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil an institiúid chomhdhlúthúcháin faoi réir Threoir 2013/36/AE. Beidh na forálacha maidir le comhdhéanamh an choiste luach saothair a shonraítear in alt 2.4.1. i bhfeidhm freisin má bhunaítear coiste ar leibhéal an ghrúpa.
49. I gcás nach gá coiste luach saothair a chur ar bun, ba cheart forálacha na dtreoirínte seo maidir leis an gcoiste luach saothair a fhorléiriú mar fhorálacha atá i bhfeidhm maidir leis an bhfeidhm mhaoirseachta.

2.3.1 Comhdhéanamh an choiste luach saothair

50. I gcomhréir le hAirteagal 33(1) de Threoir (AE) 2019/2034, tá an coiste luach saothair comhdhéanta de chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta nach bhfuil aon fheidhm feidhmiúcháin acu agus, nuair is infheidhme, d'ionadaithe fostaithe. Ní mheastar ach na baill foirne siúd mar chomhaltaí den choiste luach saothair, fiú i gcás go nglacadh baill foirne eile páirt ina gcruinnithe. Caithfidh an coiste luach saothair a bheith comhionann ó thaobh inscne de.
51. Ba cheart go gcáileodh cathaoirleach agus tromlach chomhaltaí an choiste luach saothair mar a bheith neamhspleách¹³. Má dhéantar foráil sa dlí náisiúnta d'ionadaíocht fostaithe ar an gcomhlacht bainistíochta, ní foláir go mbeidh ionadaí fostaí amháin nó níos mó ann. I gcás nach bhfuil líon leordhóthanach comhaltaí neamhspleácha ann, ba cheart do ghnólachtaí

¹³ Neamhspleáchas mar atá leagtha amach i dtreoirínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach pointe 5.6 agus féach freisin treoirínte comhpháirteacha ÚBE-ÚEUM maidir le measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhmeanna

infheistíochta a bheith an-chúramach agus bearta eile á gcur chun feidhme acu chun coinbhleachtaí leasa i gcinntí maidir le saincheistanna luach saothair a theorannú.

52. Ba cheart go mbeadh eolas iomchuí, saineolas agus taithí ghairmiúil iomchuí ag comhaltaí an choiste luach saothair i dteannta a chéile maidir le beartais agus cleachtais luach saothair, gníomhaíochtaí bainistíochta agus rialaithe riosca, eadhon maidir leis an sásra chun an struchtúr luach saothair a ailíniú le próifílí riosca agus caipitil gnólachtaí infheistíochta.

2.3.2 Ról an choiste luach saothair

53. Ba cheart don choiste luach saothair:

- a. bheith freagrach as cinntí maidir le luach saothair a bheidh le glacadh ag an bhfeidhm mhaoirseachta a ullmhú, go háirithe maidir le luach saothair chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta chomh maith le luach saothair ball foirne sainaitheanta eile;
- b. a thacaíocht agus a chomhairle a sholáthar don fheidhm mhaoirseachta maidir le dearadh bheartas luach saothair an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear go bhfuil an beartas luach saothair sin neodrach ó thaobh inscne de agus go dtacaíonn sé le caitheamh comhionann ball foirne d'inscne éagsúla;
- c. tacú leis an bhfeidhm mhaoirseachta maidir le maoirsiú a dhéanamh ar na beartais, na cleachtais agus na próisis luach saothair agus an beartas luach saothair agus an ceanglas go mbeidh an beartas luach saothair atá neodrach ó thaobh inscne de a chomhlíonadh;
- d. a sheiceáil an bhfuil an beartas luach saothair reatha fós cothrom le dáta agus, más gá, moltaí a dhéanamh le haghaidh athruithe;
- e. athbhreithniú a dhéanamh ar cheapadh sainchomhairleoirí seachtracha luach saothair a bhféadfadh an fheidhm mhaoirseachta a chinneadh iad a fhostú i gcomhair comhairle nó tacaíochta;
- f. leordhóthanacht na faisnéise a sholáthraítear do scairshealbhóirí maidir le beartais agus cleachtais luach saothair a áirithiú;
- g. measúnú a dhéanamh ar na sásraí agus ar na córais arna nglacadh lena áirithiú go gcuirfeadh gach cineál riosca, leachtachta agus leibhéal caipitil san áireamh i gceart sa chóras luach saothair agus go bhfuil an beartas foriomlán luach saothair neodrach ó thaobh inscne de, go bhfuil sé comhsheasmhach le bainistíocht riosca fhóna agus éifeachtach agus go gcuirfeadh chun cinn í leis agus go bhfuil sé i gcomhréir le straitéis ghnó, cuspóirí, cultúr corparáideach agus luachanna corparáideacha, cultúr riosca agus leas fadtéarmach an ghnólachta infheistíochta;

- h. measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna feidhmíochta agus ar an ngá atá le coigeartú riosca ex post, lena n-áirítear cur i bhfeidhm socruithe malus agus aisghlámtha;
- i. athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt cásanna féideartha chun an dóigh a bhfreagraíonn na beartais agus na cleachtais luach saothair d'imeachtaí seachtracha agus inmheánacha a thástáil, agus cúltástáil a dhéanamh ar na critéir a úsáidtear chun an dámhachtain agus an coigeartú riosca ex ante a chinneadh bunaithe ar na torthaí riosca iarbhír.

54. I gcás go bhfuil coiste luach saothair curtha ar bun ag an ngnólacht infheistíochta, ba cheart don choiste luach saothair maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar luach saothair na n-oifigeach sinsearach sna feidhmeanna um chomhlíonadh, agus ar an mbainistíocht riosca, agus ar na feidhmeanna iniúchta i gcás go bhfuil siad curtha ar bun. Tá an rud céanna i bhfeidhm maidir le baill foirne a gcuirtear feidhmiú nósanna imeachta bainistíochta riosca de chúram orthu, i gcás nach bhfuil aon fheidhm bhainistíochta riosca curtha ar bun. Ba cheart don choiste luach saothair moltaí a thabhairt don fheidhm mhaoirseachta maidir le dearadh an phacáiste luach saothair agus méideanna an luach saothair a bheidh le híoc leis na baill foirne shinsearacha sna feidhmeanna rialaithe.

2.3.3 Línte próiseas agus tuairiscithe

55. Ba cheart don choiste luach saothair:

- a. rochtain a bheith acu ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ar fad a bhaineann le próiseas cinnteoireachta na feidhme maoirseachta maidir le dearadh agus cur chun feidhme, maoirseacht agus athbhreithniú na mbeartas agus na gcleachtas luach saothair;
- b. acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu agus rochtain neamhshrianta a bheith acu ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí ar fad ó fheidhmeanna rialaithe neamhspleácha, lena n-áirítear bainistíocht riosca;
- c. rannpháirtíocht chuí an rialaithe neamhspleách agus feidhmeanna ábhartha eile a áirithiú (e.g. acmhainní daonna, dlí agus pleanáil straitéiseach) laistigh de na réimsí saineolais faoi seach agus, nuair is gá, comhairle sheachtrach a lorg.

56. Ba cheart don choiste luach saothair oibriú i gcomhar le coistí eile den fheidhm mhaoirseachta a bhféadfadh tionchar a bheith ag a ngníomhaíochtaí ar dhearadh agus ar fheidhmiú cuí beartas agus cleachtas luach saothair (e.g. coistí riosca, iniúcháireachta agus ainmniúcháin); agus faisnéis leordhóthanach a sholáthar don fheidhm mhaoirseachta, agus, nuair is iomchuí, do chruinniú na scairshealbhóirí maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh.

57. Nuair a bheidh sé curtha ar bun, ba cheart don choiste riosca, gan dochar do chúraimí an choiste luach saothair, féachaint an gcuirtear san áireamh i ndreasachtaí arna soláthar leis na beartais agus na cleachtais luach saothair riosca, caipiteal, leachtacht an ghnóilachta infheistíochta agus dóchúlacht agus uainiú tuillimh.

58. Ba cheart do chomhalta an choiste riosca, nuair is ábhartha, bheith rannpháirteach i gcruinnithe an choiste luach saothair, i gcás ina mbeidh an dá choiste curtha ar bun, agus a mhalairt.

2.4 Athbhreithniú ar an mbeartas luach saothair

59. Ba cheart don fheidhm mhaoirseachta agus, i gcás go bhfuil sí crutha ar bun, don choiste luach saothair a áirithiú go mbeidh beartas agus cleachtais luach saothair an ghnólachta infheistíochta faoi réir athbhreithniú inmheánach lárnach agus neamhspleách uair sa bhliain ar a laghad. Ba cheart go mbeadh anailís san athbhreithniú lena mheas an bhfuil an beartas luach saothair neodrach ó thaobh inscne de.
60. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na bearna pá idir fir agus mná; i gcás gnólachtaí infheistíochta ina bhfuil 50 ball foirne nó níos mó, ba cheart an ríomh a dhéanamh ar leithligh de réir tíre maidir le:
- baill foirne shainaitheanta, gan baill den chomhlacht bainistíochta san áireamh;
 - baill den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta;
 - baill den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta; agus
 - baill foirne eile.
61. I gcás go bhfuil difríochtaí ábhartha ann idir an meánphá idir baill foirne fhireannacha agus bhaineannacha nó comhaltaí fireannacha agus baineannacha den chomhlacht bainistíochta, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na príomhchúiseanna a thaifeadadh, bearta iomchuí a dhéanamh nuair is ábhartha nó ba cheart go mbeidís ábalta a léiriú nach bhfuil an difríocht mar thoradh ar bheartas luach saothair nach bhfuil neodrach ó thaobh inscne de.
62. I ngrúpaí gnólachtaí infheistíochta, ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais athbhreithniú lárnach a dhéanamh ar chomhlíonadh maidir leis an rialachán, beartais ghrúpa, nósanna imeachta grúpa agus rialacha inmheánacha.
63. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an t-athbhreithniú lárnach agus neamhspleách a dhéanamh ar bhonn aonair. I ngrúpa, féadfaidh fochuideachtaí brath ar an athbhreithniú a dhéanfaidh an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó institiúid, i gcás inar cuimsíodh san athbhreithniú a rinneadh ar bhonn comhdhlúite an gnólachta infheistíochta agus i gcás ina gcuirtear na torthaí ar fáil d'fheidhm mhaoirseachta an ghnólachta infheistíochta sin.

64. D'ainneoin fhreagracht an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhairseachta, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta cúraimí an athbhreithnithe thréimhsiúil neamhspleách ar bheartais luach saothair a sheachfhoinsiú, go páirteach nó go hiomlán.¹⁴
65. Mar chuid den athbhreithniú inmheánach lárnach agus neamhspleách, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta measúnú a dhéanamh ar más fíor an méid seo a leanas maidir leis na beartais, na cleachtais agus na próisis luach saothair foriomlána:
- tá siad á n-oibriú mar a bhí beartaithe (go háirithe, go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus rialacha inmheánacha faofa á gcomhlíonadh; go bhfuil na heisiocaíochtaí luach saothair iomchuí, i gcomhréir leis an straitéis ghnó; agus go bhfuil próifíl riosca, cuspóirí fadtéarmacha agus spriocanna eile an ghnólachta infheistíochta léirithe go leordhóthanach);
 - tá rialacháin, prionsabail agus caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta á gcomhlíonadh acu; agus
 - tá siad curtha chun feidhme go comhsheasmhach ar fud an ghrúpa agus ní chuirtear aon srian leo ar chumas an ghnólachta infheistíochta bonn fóna caipitil a áirithiú de réir alt 6 de na treoirlínte seo.
66. Ba cheart go mbeadh dlúthbhaint ag na feidhmeanna corparáideacha inmheánacha ábhartha eile (i.e. acmhainní daonna, dlí, planáil straitéiseach, etc.), chomh maith le coistí príomhfeidhmeanna maoirseachta eile (i.e. coistí iniúchóireachta, riosca agus ainmniúcháin) le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais luach saothair an ghnólachta infheistíochta. d'fhonn ailíniú le straitéis agus creat bainistíochta riosca na ngnólachtaí infheistíochta a áirithiú.
67. I gcás go léirítear le hathbhreithnithe tréimhsiúla nach bhfeidhmíonn na beartais luach saothair mar a bhí beartaithe nó leagtha síos nó i gcás go ndéantar moltaí, ba cheart don choiste luach saothair, i gcás go bhfuil sé curtha ar bun, nó don fheidhm mhairseachta, a áirithiú go ndéanfar plan gníomhaíochta leighis a mholadh, a fhaomhadh agus a chur chun feidhme go tráthúil.
68. Ba cheart torthaí an athbhreithnithe inmheánaigh arna ndéanamh agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun aon chinntí a leigheas a thaifeadadh, trí thuarascálacha i scríbhinn nó trí mhiontuairiscí chruinniú na gcoistí ábhartha nó na feidhme maoirseachta, agus iad a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta, do na coistí ábhartha agus do choistí na bhfeidhmeanna corparáideacha.

¹⁴ Féach treoirlínte an ÚBE maidir le socrúithe um sheachfhoinsiú agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais eagrúcháin agus dálaí oibríochta i gcomhair gnólachtaí infheistíochta agus téarmaí mínithe chun críocha na Treorach sin

2.5 Trédhearcacht inmheánach

69. Ba cheart beartas luach saothair gnólachta infheistíochta a nochtadh go himmheánach do na baill foirne go léir agus ba cheart go mbeadh rochtain ag gach ball foirne air i gcónaí. Níl gnéithe rúnda luach saothair na mball foirne aonair faoi réir trédhearcacht inmheánach.
70. Ba cheart na baill foirne a chur ar an eolas faoi thréithe a luach saothair inathraithe, mar aon leis an bpróiseas agus na critéir a úsáidfear chun tionchar a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus ar a luach saothair inathraithe a mheas. Go sonrach, ba cheart an próiseas breithmheasa maidir le feidhmíocht an duine aonair a thaifeadh i gceart agus ba cheart go mbeadh sé trédhearcach do na baill foirne lena mbaineann.

3. Beartais luach saothair agus comhthéacs grúpa

71. I gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2019/2034, ní mór do ghnólachtaí infheistíochta, gan dochar do na maoluithe dá bhforáiltear faoi Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034, ceanglais uile Airteagail 26, 30, 31, 32 agus 33 den Treoir sin a chomhlíonadh. Áirítear leis sin na Caighdeáin Theicniúla Rialála is infheidhme maidir le luach saothair. Tá feidhm ag na ceanglais agus ag a sonraíochtaí laistigh de na treoirínte seo ar bhonn aonair agus, nuair is infheidhme, ar bhonn comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033.
72. Ar an leibhéal comhdhlúite, ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais agus d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear beartas luach saothair chun feidhme agus go gcomhlíonfar é maidir leis na baill foirne go léir, lena n-áirítear na baill foirne shainaitheanta ar fad, i ngach gnólacht infheistíochta agus in eintitis eile a thagann laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta agus gach brainse. Ba cheart go mbeadh an beartas luach saothair neodrach ó thaobh inscne de. Ba cheart ceanglais shonracha luach saothair na bhfochuideachtaí a chur san áireamh.
73. Maidir le gnólachtaí infheistíochta agus eintitis laistigh de ghrúpa atá lonnaithe i níos mó ná Ballstát amháin, ba cheart a shonrú sa bheartas luach saothair uile-ghrúpa conas ba cheart déileáil ina chur chun feidhme le difríochtaí idir cur chun feidhme náisiúnta cheanglais maidir le luach saothair Threoir (AE) 2019/2034.
74. Agus na ceanglais á gcur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, beidh feidhm ag na ceanglais maidir le luach saothair is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil an máthairghnóthas de chuid an Aontais lonnaithe, lena n-áirítear maidir le baill foirne shainaitheanta a bhfuil tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca an ghrúpa, fiú i gcás go bhfuil chur chun feidhme na gceanglas laistigh d'Airteagal 30 agus d'Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 ag an mBallstát ina bhfuil an máthairghnóthas de chuid an Aontais suite níos déine.
75. Is baill fhoirne shainaitheanta iad baill foirne atá ar iasacht ó mháthairghnóthas i dtríú tír le fochuideachta de chuid AE ar gnólacht infheistíocht nó brainse í agus, dá mbeadh siad fostaithe

go díreach ag gnólacht nó brainse infheistíochta de chuid AE, thiocfadh faoi raon feidhme baill foirne shainaitheanta an ghnólachta infheistíochta nó an bhrainse sin de chuid AE. Ba cheart go mbeadh na baill foirne ar iasacht sin faoi réir na bhforálacha maidir le luach saothair i dTreoir (AE) 2019/2034 mar a chuirtear chun feidhme iad sa Bhallstát ina bhfuil an gnólacht infheistíochta nó an brainse de chuid AE bunaithe agus faoi réir na gCaighdeán Teicniúil Rialála is infheidhme. Chun críocha iasachtaí gearrthéarmacha, mar shampla i gcás nach bhfuil cónaí ar dhuine i mBallstát ach ar feadh cúpla seachtain chun obair thionscadail a dhéanamh, níor cheart go mbeadh an duine sin faoi réir forálacha dá leithéid ach i gcás go mbeadh an duine inaitheanta faoi CTR maidir le baill foirne shainaitheanta, ag cur san áireamh an luach saothair arna dhámhadh don tréimhse ama ábhartha agus an ról agus na freagrachtaí le linn na hiasachta.

76. Ní ceadmhach conarthaí nó iasachtaí gearrthéarmacha a úsáid mar mhodh chun dul timpeall ar cheanglais maidir le luach saothair Threoir (AE) 2019/2034 agus ar aon chaighdeán nó treoirínte gaolmhara.
77. Tá feidhm ag ceanglais maidir le luach saothair Threoir (AE) 2019/2034 agus forálacha na dtreoirínte seo maidir le gnólachtaí infheistíochta i mBallstáit neamhspleách ar an gcás go bhféadfadh siad a bheith ina bhfochuideachtaí de mháthairghnólacht infheistíochta nó d'institiúid i dtríú tír. I gcás gur máthairghnóthas de chuid an Aontais é fochuideachta AE de chuid máthairghnólachta infheistíochta i dtríú tír, ní chuimsítear i raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta leibhéal an mháthairghnólachta infheistíochta atá lonnaithe i dtríú tír agus fochuideachtaí díreacha eile de chuid an mháthairghnólachta infheistíochta sin. Ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais a áirithiú go gcuimseofar beartas luach saothair an mháthairghnólachta infheistíochta i dtríú tír laistigh dá bheartais luach saothair féin, a mhéid nach dtagann sé salach ar na ceanglais a leagtar amach faoin dlí ábhartha AE nó náisiúnta, lena n-áirítear na dtreoirínte seo.

4 Comhréireacht

78. Is é is aidhm le prionsabal na comhréireachta mar atá leagtha amach in Airteagal 26(3) de Threoir (AE) 2019/2034 na beartais agus na cleachtais luach saothair a chur go comhsheasmhach le próifíl riosca aonair, inghlachtacht riosca agus straitéis gnólachta infheistíochta, ionas go mbainfear amach cuspóirí cheanglais an luach saothair ar bhealach éifeachtach.
79. Agus na ceanglais maidir le luach saothair agus forálacha na dtreoirínte sin á gcur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis iniúla an cineál, an scála agus an chastacht agus na rioscaí ar gné dhílis iad de shamhail ghnó agus ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh.
80. Tá feidhm ag an oibleagáid maidir le beartais agus cleachtais luach saothair atá fóna agus éifeachtach a bheith ag gach gnólacht infheistíochta maidir leis na baill foirne go léir, beag beann ar thréithe éagsúla na ngnólachtaí infheistíochta.

81. Agus measúnú á dhéanamh acu ar an méid atá comhréireach agus an leibhéal sofaisticiúlachta is gá maidir leis na beartais luacha saothair agus na cineálacha cur chuige tomhais riosca á gcinneadh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla an meascán de ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na gcritéar go léir thuas a chur san áireamh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh scála beag ag baint le gníomhaíocht gnó ach d'fhéadfadh sé fós go mbainfeadh gníomhaíochtaí casta agus próifílí riosca léi de dheasca chineál na ngníomhaíochtaí nó chastacht na dtáirgí.
82. I gcás go n-údaraitear gnólachtaí infheistíochta na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe (2), (3), (4), (6) agus (7) de Chuid A d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2014/65/CE a sholáthar, mar phrionsabal ginearálta, ba cheart go mbeifí ag súil le leibhéal níos airde sofaisticiúlachta, go háirithe má tá an gnólacht infheistíochta údaraithe airgead nó sócmhainní na gcliant a shealbhú.
83. Chun na gcríoch thuas, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla na critéir seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:
 - a. sócmhainní an ghnólachta infheistíochta ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus cé acu an gcomhlíonann an gnólacht infheistíochta na critéir agus na tairseacha atá leagtha amach i mír 4 d'Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034;
 - b. má tá an gnólacht infheistíochta údaraithe airgead nó sócmhainní na gcliant a shealbhú;
 - c. an cineál gníomhaíochtaí agus seirbhísí údaraithe (e.g. Cuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE) agus seirbhísí eile (e.g. seirbhísí imréitigh) a dhéanann an gnólacht infheistíochta;
 - d. méid na sócmhainní atá á mbainistiú;
 - e. na sócmhainní arna gcosaint agus arna riar;
 - f. méid orduithe na gcliant arna láimhseáil;
 - g. méid an tsreafa trádála laethúil
 - h. láithreach gheografach an ghnólachta infheistíochta agus méid na n-oibríochtaí i ngach dlínse, lena n-áirítear i dtríú tíortha;
 - i. an fhoirm dhlíthiúil agus na hionstraimí cothromais agus fiachais atá ar fáil;
 - j. na modhanna a úsáidtear chun na ceanglais chaipitil a chinneadh;
 - k. cé acu an bhfuil an gnólacht infheistíochta ina chuid de ghrúpa agus, má tá, an measúnú comhréireachta a rinneadh don ghrúpa agus tréithe an ghrúpa lena mbaineann an gnólacht infheistíochta;

- l. an straitéis bhunaidh ghnó;
 - m. struchtúr na ngníomhaíochtaí gnó agus an tréimhse ama, intomhaisteacht agus intuarthacht rioscaí na ngníomhaíochtaí gnó;
 - n. struchtúr cistiúcháin an ghnólachta infheistíochta;;
 - o. eagrú inmheánach an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear leibhéal an luach saothair inathraithe is féidir a íoc le baill foirne shainaitheanta;
 - p. príomhfhoinsí agus struchtúr brabús agus cailteanas an ghnólachta infheistíochta;
 - q. an cineál cliant (e.g. miondíol, corparáideach, gnólachtaí beaga, eintiteas poiblí);
 - r. castacht na n-ionstraimí airgeadais nó na gconarthaí airgeadais;
 - s. na feidhmeanna seachfhoinsithe agus na bealaí dáileacháin;
 - t. na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) atá ann, lena n-áirítear córais leanúnachais agus feidhmeanna seachfhoinsithe sa réimse seo.
84. Sula gcuirfear na ceanglais maidir le luach saothair agus na forálacha atá leagtha amach sna treoirlínte seo i bhfeidhm ar bhealach comhréireach, ba cheart sainaitheint na mball foirne, bunaithe ar na critéir dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2019/2034 agus sa Rialachán Tarmlichte ón gCoimisiún arna shainordú faoi Airteagal 30(4) den Treoir sin (CTR maidir le baill foirne shainaitheanta) agus critéir inmheánacha breise, a chur i gcrích¹⁵.
85. Agus beartais shonracha luach saothair á gcur chun feidhme le haghaidh catagóirí éagsúla ball foirne sainaitheanta i gcomhréir le cuid 3 agus 4 de na treoirlínte seo, ba cheart go gcuirfí san áireamh le cur i bhfeidhm na comhréireachta an tionchar ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó sócmhainní na catagóire ball foirne sainaitheanta sin a bhainistíonn sé.
86. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí infheistíochta na ceanglais luach saothair agus na forálacha atá leagtha amach sna treoirlínte seo ar bhealach ina soláthraítear cothrom na Féinne i measc gnólachtaí infheistíochta éagsúla.

Tarscaoileadh phróiseas fócaíochta an luach saothair inathraithe

87. Gan dochar do chur chun feidhme Airteagal 32(4) de Threoir 2019/2034/AE ag na Ballstáit, ní fhéadfaidh gnólacht infheistíochta a bhfuil sócmhainní iomlána aige faoin tairseach a shainítear sa dlí náisiúnta na ceanglais maidir le luach saothair inathraithe a iarchur agus é a íoc amach in

¹⁵ Féach na treoirlínte don phróiseas aitheantais atá leagtha amach i gcuid 5 de na treoirlínte seo, le do thoil.

ionstraimí arna leagan amach i bpointe (j), (l) d'Airteagal 32(1) agus sa tríú fomhír d'Airteagal 32(3) de Threoir (AE) 2019/2034.

88. Agus méid an luach saothair inathraithe bhliantúil arna íoc le ball foirne agus an cóimheas éifeachtach idir an luach saothair inathraithe bliantúil agus an luach saothair seasta bliantúil chun críocha phointe (b) d'Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034 á shocrú, i.e. tarscaoileadh a chur i bhfeidhm ar an gceanglas an luach saothair inathraithe do bhaill foirne aonair a iarchur agus a íoc amach in ionstraimí, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na méideanna a shonraítear i bpointe (a) agus (b) a chur san áireamh agus na coinníollacha breise i bpointe (c) go (h) a chur i bhfeidhm:
- a. an luach saothair inathraithe bliantúil arna dhámhachtain don tréimhse feidhmíochta atá comhionann leis an mbliain airgeadais dá gcinntear más féidir an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm agus na tréimhsí feidhmíochta uile dar críoch an bhliain airgeadais sin, neamhspleách ar fhad na dtréimhsí feidhmíochta bunúsacha a chríochnaigh sa bhliain airgeadais sin, e.g. ba cheart go gcuimseofaí ann méid iomlán an luach saothair inathraithe bunaithe ar thréimhsí fabhraithe ilbhliantúla imrothlacha agus neamh-imrothlacha agus ar bhónais choinneála do thréimhsí níos faide ná bliain amháin i gcás gur tháinig deireadh leis an mbuntréimhse sa bhliain airgeadais ar leith;
 - b. an luach saothair seasta bliantúil arna dhámhachtain don bhliain feidhmíochta roimhe sin; ní fhéadfaidh gnólachtaí infheistíochta dámhachtainí eile a mheastar a bheith ina luach saothair seasta faoi mhír 127 agus faoi mhír 128 a chur san áireamh;
 - c. an luach saothair inathraithe arna dhámhachtain don bhliain feidhmíochta roimhe sin, neamhspleách ar an dóigh a n-íoctar an luach saothair, i.e. airgead tirim, ionstraimí nó foirmeacha eile de luach saothair inathraithe;
 - d. ba cheart go gcuimseofaí sa luach saothair inathraithe gach cineál luach saothair inathraithe arna dhámhachtain, lena n-áirítear luach saothair inathraithe bunaithe ar fheidhmíocht, méideanna a íoctar mar luach saothair inathraithe ráthaithe, bónais choinneála, scaoilíocaíochtaí nó sochair phinsin lánroghnacha;
 - e. méid an luach saothair inathraithe arna dhámhachtain do thréimhsí feidhmíochta níos faide ná bliain amháin, e.g. bunaithe ar phleananna dreasachta fadtéarmacha nó ar thréimhsí fabhraithe ilbhliantúla, agus an méid iomlán don bhliain feidhmíochta ina dtiocfaidh deireadh leis na tréimhsí feidhmíochta á chur san áireamh;
 - f. méid iomlán an luach saothair inathraithe arna dhámhachtain laistigh den bhliain feidhmíochta mar luach saothair inathraithe ráthaithe, bónais choinneála, scaoilíocaíochtaí agus sochair phinsin roghnacha;
 - g. ba cheart go mbeadh na méideanna bunaithe ar an sainmhíniú a thugtar ar luach saothair seasta agus inathraithe laistigh de na treoirlínte seo agus ba cheart iad a ríomh bunaithe ar an oll-luach saothair a dámhadh;

- h. i gcás go gcinntear an méid ar bhonn aonair, ba cheart an luach saothair arna dhámhachtain ag an ngnólacht infheistíochta a chur san áireamh; i gcás go gcinntear an méid ar bhonn comhdhlúite, ba cheart gach luach saothair arna dhámhachtain laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta a chur san áireamh; agus
- i. i gcás go n-íoctar an luach saothair in airgeadra seachas EUR, ba cheart na méideanna a athrú go EUR trí úsáid a bhaint as an ráta malairte arna fhoilsiú ag an gCoimisiún le haghaidh clárú airgeadais agus as an mbuiséad don mhí dheireanach de bhliain airgeadais an ghnólachta infheistíochta.¹⁶

89. Agus meánluach na sócmhainní don tréimhse ceithre bliana díreach roimh an mbliain airgeadais reatha á ríomh chun críocha phointe (a) d'Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an meán simplí den luach sin ag deireadh na gceithre bliana airgeadais roimhe sin a úsáid. I gcás go gcoinnítear na cuntais in airgeadra seachas EUR, ba cheart na méideanna a athrú go EUR trí úsáid a bhaint as an ráta malairte arna fhoilsiú ag an gCoimisiún le haghaidh clárú airgeadais agus as an mbuiséad don mhí dheireanach gach bliana airgeadais.

90. I gcás go dtugtar cumhacht leis an dlí náisiúnta d'údaráis inniúla na tairseacha faoi phointe (a) d'Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034 a shocrú do ghnólachtaí infheistíochta aonair, ba cheart d'údaráis inniúla, agus na tairseacha á n-íslíú nó á n-ardú acu, cineál an ghnólachta infheistíochta, raon feidhme agus castacht a ghníomhaíochtaí, a eagrú inmheánach nó, más infheidhme, tréithe an ghrúpa lena mbaineann sé a chur san áireamh, agus na critéir um chomhréireacht a leagtar amach sna treoirlínte seo a chur san áireamh freisin. Tá sé sin i bhfeidhm chomh maith maidir le laghduithe ar na tairseacha a leagtar síos i bpointe (c), (d) agus (e) d'Airteagal 32(5) agus d'Airteagal 32(6).

91. I gcás go dtugtar cumhacht leis an dlí náisiúnta d'údaráis inniúla na tairseacha a shocrú faoi Airteagal 32(7) de Threoir (AE) 2019/2034 do bhaill foirne aonair, ba cheart d'údaráis inniúla, agus an tairseach á híslíú acu, na critéir san Airteagal seo agus tionchar ghníomhaíochtaí gairmiúla na mball foirne ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus na sócmhainní a bhainistíonn sé i gcomparáid le baill foirne sainaitheanta eile a chur san áireamh. Mar shampla, i gcás go bhfuil tionchar níos ábhartha ar an bpróifíl riosca, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí a éileamh go gcuirfí iarchur agus íocaíocht amach in ionstraimí i bhfeidhm.

5. An próiseas aitheantais

92. Tá sé de fhreagracht ar ghnólachtaí infheistíochta na mball foirne a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé a shainithint (baill foirne shainaitheanta). Ba cheart do gach gnólacht infheistíochta féinmheasúnú a dhéanamh ar bhonn bliantúil chun na baill foirne a bhfuil tionchar ábhartha nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla

¹⁶ Is féidir na rátaí malairte a fháil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh faoi: http://ec.europa.eu/budget/contracts_grants/info_contracts/infoeuro/infoeuro_en.cfm

ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé a shainaitheant. Ba cheart go mbeadh an próiseas aitheantais ina chuid de bheartas luach saothair iomlán an ghnólachta infheistíochta.

93. Ba cheart go mbeadh an féinmheasúnú bunaithe ar na critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla atá leagtha amach sa CTR maidir le baill foirne shainaitheanta agus, nuair is gá, lena áirithiú go sainaitheantar go hiomlán gach ball foirne a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé, critéir bhreise atá leagtha amach ag an ngnólacht infheistíochta a léiríonn leibhéal riosca gníomhaíochtaí éagsúla laistigh den ghnólacht infheistíochta agus tionchar na mball foirne ar an bpróifíl riosca.
94. Agus critéir chainníochtúla á gcur i bhfeidhm ar bhonn luach saothair na mball foirne, ba cheart an luach saothair seasta a dámhadh don bhliain airgeadais roimhe sin agus an luach saothair inathraithe a dámhadh ar an bhfoireann sa bhliain airgeadais roimhe sin nó don bhliain airgeadais roimhe sin a chur san áireamh. Is é an luach saothair inathraithe a dámhadh sa bhliain airgeadais roimhe sin an luach saothair inathraithe a dámhadh an bhliain airgeadais roimhe sin maidir le feidhmíocht roimhe seo. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an modh is infheidhme a shainiú ina mbeartas luach saothair. Agus critéir chainníochtúla á gcur i bhfeidhm ar bhonn luach saothair na foirne, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta gach comhpháirt luach saothair sheasta agus luach saothair inathraithe airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta a dhámhtar le haghaidh seirbhísí gairmiúla a chur san áireamh. Ba cheart gnáthphacáistí luach saothair nach dtugtar cuntas orthu ar leibhéal aonair a chur san áireamh bunaithe ar an tsuim fhoriomlán arna miondealú de réir critéir oibiachtúla maidir leis an mball foirne aonair.
95. Agus critéir chainníochtúla arna sainiú in EUR á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a dhámhann luach saothair in airgeadra seachas an euro na tairseacha is infheidhme a athrú trí úsáid a bhaint as an ráta malairte inmheánach a úsáidtear chun na cuntais a chomhdhlúthú nó as an ráta malairte a úsáideann an Coimisiún le haghaidh clárú airgeadais agus as an mbuiséad don mhí inar dámhadh an luach saothair nó an ráta malairte don mhí dheireanach de bhliain airgeadais an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta an modh is infheidhme chun an ráta malairte ina bheartas luach saothair a chinneadh a thaifeadadh.
96. Ba cheart go mbeadh an féinmheasúnú soiléir, comhsheasmhach, taifeadta i gceart agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil i rith na bliana ar a laghad maidir le critéir cháilíochtúla laistigh de CTR maidir le baill foirne shainaitheanta agus, nuair is cuí, sa bhreis air sin, bunaithe ar chritéir gnólachtaí infheistíochta. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go ndéileálfar le baill foirne a thagann faoi na critéir in Airteagal 3 de CTR maidir le baill foirne shainaitheanta nó ar dócha go dtiocfaidh siad faoi na critéir sin ar feadh tréimhse trí mhí ar a laghad i mbliain airgeadais mar bhaill foirne shainaitheanta.

97. Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh i ndoiciméid an fhéinmheasúnaithe a rinneadh maidir le baill foirne a shainaithint:
- an réasúnaíocht is bun leis an bhféinmheasúnú agus raon feidhme a chur i bhfeidhm;
 - an cur chuige a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a thagann as straitéis agus gníomhaíochtaí gnó an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear i suíomhanna geografacha éagsúla;
 - an dóigh a ndéantar measúnú ar dhaoine atá ag obair i ngnólachtaí infheistíochta agus in eintitis eile faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe, fochuideachtaí agus brainsí, lena n-áirítear na cinn atá lonnaithe i dtríú tíortha;
 - ról agus freagrachtaí na gcomhlachtaí corpraithe éagsúla agus na feidhmeanna inmheánacha éagsúla a bhfuil baint acu le dearadh, maoirseacht, athbhreithniú agus cur i bhfeidhm an phróisis féinmheasúnaithe; agus
 - toradh an aitheantais.
98. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta taifid ar an bpróiseas sainaitheanta agus ar a thorthaí a choinneáil agus ba cheart go mbeidís ábalta a léiriú dá n-údarás inniúil maoirseachta conas a sainaitheodh baill foirne de réir na gcritéar cáilíochtúil agus cainníochtúil dá bhforáiltear laistigh de CTR maidir le baill foirne shainaitheanta agus aon chritéir bhreise arna n-úsáid ag na gnólachtaí infheistíochta.
99. Ba cheart go gcuimseofaí ar a laghad i ndoiciméid an fhéinmheasúnaithe líon na mball foirne sainaitheanta, lena n-áirítear líon na mball foirne a sainaitheodh den chéad uair, freagrachtaí agus gníomhaíochtaí an phoist, ainmneacha nó aitheantóir uathúil eile agus leithdháileadh an phoist shainaitheanta laistigh den ghnólacht infheistíochta de chuid an bhaill foirne a sainaitheodh i leith réimsí gnó agus comparáid le torthaí féinmheasúnaithe na bliana roimhe sin.
100. Ba cheart go gcuimseofaí sna doiciméid freisin baill foirne a sainaitheodh faoi chritéir chainníochtúla, ach a measadh nach bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé, i gcomhréir le CTR maidir le baill foirne shainaitheanta. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na doiciméid a choinneáil ar feadh tréimhse iomchuí ama chun go bhféadfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh.

5.1 Eisiaimh a cheadú roimh ré

101. I gcás go gcinneadh an gnólacht infheistíochta i gcomhréir le CTR maidir le baill foirne shainaitheanta nach bhfuil tionchar ábhartha ag gníomhaíochtaí gairmiúla an bhaill foirne ar an ngnólacht infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé agus go ndéanann sé iarratas ar cheadú roimh ré, ba cheart go mbeadh feidhm ag an méid seo a leanas:

- a. ba cheart don chomhlacht bainistíochta cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an anailís arna déanamh laistigh den phróiseas sainaitheanta bliantúil, más fíor é nach bhfuil tionchar ábhartha ag na baill foirne ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé agus an fheidhm mhaoirseachta a chur ar an eolas faoin gcinneadh a glacadh. Ba cheart don fheidhm mhaoirseachta nó don choiste luach saothair, i gcás go bhfuil sé curtha ar bun, athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir agus ar an bpróiseas faoina nglactar na cinntí agus na díolúintí arna ndéanamh a cheadú;¹⁷
- b. ba cheart aon iarratas ar cheadú roimh ré a dhéanamh gan mhoill, ach laistigh de shé mhí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais roimhe sin ar a dhéanaí. Ba cheart don údarás inniúil an t-iarratas a mheasúnú agus an t-iarratas a cheadú nó a dhiúltú, a mhéid is féidir, laistigh de thréimhse trí mhí i ndiaidh dó na doiciméid iomlána a fháil;
- c. i gcás gur dámhadh luach saothair iomlán EUR 1,000,000 nó níos mó ar an mball foirne sa bhliain airgeadais roimhe sin, ba cheart don údarás inniúil an tÚdarás Baincéireachta Eorpach a chur ar an eolas láithreach faoin iarratas a fuarthas agus a mheasúnú tosaigh a sholáthar. Arna iarraidh sin, ba cheart don údarás inniúil an fhaisnéis go léir a fuair an gnólacht infheistíochta a chur faoi bhráid an ÚBE láithreach. Déanfaidh an ÚBE idirchaidreamh leis an údarás inniúil lena áirithiú go ndeonófar eisiaimh dá leithéid ar bhealach comhsheasmhach sula ndéanfaidh an t-údarás inniúil an cinneadh maidir leis an iarratas a cheadú nó a dhiúltú.
102. Níor cheart ceadú roimh ré maidir le heisiaimh foirne arna sainaitheint i ndáil leis na critéir chainníochtúla a dheonú ach ar feadh thréimhse teoranta ama. Ba cheart iarratas ar cheadú roimh ré faoi CTR maidir le baill foirne shainaitheanta a dhéanamh gach bliain. Maidir leis na baill foirne a bhfuil cinneadh déanta ina leith maidir leis an iarratas den chéad uair, níor cheart go mbainfeadh an ceadú roimh ré ach leis an mbliain airgeadais inar iarradh an ceadú roimh ré agus leis an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin. Maidir le baill foirne a bhfuil an t-eisiaimh ceadaithe ina leith cheana don bhliain airgeadais leanúnach, níor cheart go mbainfeadh an ceadú roimh ré ach leis an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
103. I gcás go ndéanfaí baill foirne shainaitheanta a eisiaimh i bhfochuideachtaí nach bhfuil faoi réir Threoir (AE) 2019/2034 iad féin, is é údarás inniúil an mháthairghnólachta infheistíochta a bheidh ina údarás inniúil. Maidir le brainsí gnólachtaí infheistíochta ina bhfuil an cheannoifig lonnaithe i dtríú tír, is é an t-údarás inniúil an t-údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta sa Bhallstát ina bhfuil an brainse lonnaithe.
104. Ba cheart go gcuimseofaí in iarratais ar cheadú roimh ré gach ainm nó aitheantóir uathúil eile de chuid an bhaill foirne shainaitheanta ar cheart go mbeadh feidhm ag eisiaimh ina leith, céatadán ranníocaíocht an aonaid ghnó le ceanglas cistí dílse iomlána an ghnólachta infheistíochta a bhfuil an ball foirne gníomhach ann agus an anailís ar thionchar na mball foirne ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta do gach ball foirne sainaitheanta. I gcás go bhfuil

¹⁷ Féach alt 103 maidir le díolúintí ón bpolasaí luach saothair a cheadú, le do thoil.

baill foirne shainaitheanta gníomhach san aonad gnó céanna agus go bhfuil an fheidhm chéanna acu, ba cheart measúnú comhpháirteach a dhéanamh.

5.2 Rialachas maidir leis an bpróiseas aitheantais

105. Tá an fhreagracht deiridh ar an gcomhlacht bainistíochta as an bpróiseas aitheantais agus as an mbeartas faoi seach. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. beartas an phróisis aitheantais a fhaomhadh mar chuid den bheartas luach saothair;
- b. bheith páirteach i ndearadh an fhéinmheasúnaithe;
- c. a áirithiú go ndéanfar an measúnú maidir le baill foirne a shainaitheantais i gceart i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/2034, le CTR maidir le baill foirne shainaitheanta agus leis na treoirlínte seo;
- d. maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas aitheantais ar bhonn leanúnach;
- e. aon díolúintí ábhartha nó athruithe ar an mbeartas glactha a fhaomhadh agus a n-éifeacht a mheas go cúramach agus faireachán a dhéanamh orthu;
- f. aon eisiámh foirne a cheadú nó a mhaoirsiú i gcomhréir le CTR maidir le baill foirne shainaitheanta i gcás ina measann an gnólacht infheistíochta nach bhfuil na critéir chainníochtúla a shainítear sa CTR maidir le baill foirne shainaitheanta á gcomhlíonadh ag na baill foirne, toisc nach bhfuil tionchar ábhartha acu, go deimhin, ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé;
- g. athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an mbeartas faofa agus, más gá, é a leasú.

106. I gcás go gcuirtear coiste luach saothair ar bun, ba cheart go mbeadh sé rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas aitheantais i gcomhréir lena fhreagrachtaí maidir le hullmhú cinntí maidir le luach saothair. I gcás nach bhfuil aon choiste luach saothair curtha ar bun, ba cheart do chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin an chomhlachta bainistíochta agus, más féidir, comhaltaí neamhspleácha an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta na cúraimí faoi seach a chomhlíonadh.

107. Ba cheart go mbeadh an fheidhm um chomhlíonadh, an fheidhm bainistíochta riosca nó na baill foirne a gcuirtear na nósanna imeachta um bainistiú riosca de chúram orthu, na feidhmeanna tacaíochta gnó (e.g. dlí, acmhainní daonna) agus coistí ábhartha an chomhlachta bainistíochta (i.e. coistí riosca, ainmniúcháin agus iniúchóireachta) páirteach sa phróiseas aitheantais de réir a róil faoi seach agus freisin ar bhonn leanúnach. Go sonrach, i gcás go bhfuil coiste riosca curtha ar bun, ba cheart go mbeadh sé páirteach sa phróiseas aitheantais gan dochar do chúraimí an choiste luach saothair. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta malartú ceart faisnéise a áirithiú idir na comhlachtaí inmheánacha agus na feidhmeanna go léir atá páirteach sa phróiseas aitheantais. Ba cheart go mbeadh an próiseas aitheantais agus a thoradh faoi réir athbhreithniú neamhspleách inmheánach nó seachtrach.

5.3 Próiseas aitheantais ar an leibhéal aonair agus ar leibhéal comhdhlúite

108. Agus na catagóirí ball foirne faoi Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2019/2034 á sainaitheint, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla um aitheantas a chuimsítear sa CTR maidir le baill foirne shainaitheanta agus na critéir bhreise sin arna socrú ag na gnólachtaí infheistíochta araon a chur i bhfeidhm, ar bhonn aonair, ag baint úsáid as na figiúirí agus staid an ghnólachta infheistíochta aonair á chur san áireamh, agus ar bhonn comhdhlúite chomh maith. Ar bhonn comhdhlúite, ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais na critéir a chur i bhfeidhm agus úsáid á baint as na figiúirí comhdhlúite agus an staid chomhdhlúite agus an tionchar ar phróifíl riosca na ngnólachtaí infheistíochta á gcur san áireamh ar bhonn comhdhlúite.
109. Agus critéir cháilíochta um aitheantas á gcur i bhfeidhm ar an leibhéal comhdhlúite, ní ghabhtar baill foirne i bhfochuideachta ach amháin má tá siad freagrach as na feidhmeanna dá dtagraítear sna critéir sin ar bhonn comhdhlúite. Mar shampla, níor cheart ball foirne i bhfochuideachta atá ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlacht bainistíochta na fochuideachta sin a ghabháil leis an gcritéar ‘tá an ball foirne ina chomhalta nó ina comhalta den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta’ ach amháin más comhalta de chomhlacht bainistíochta an mháthairghnóthas infheistíochta de chuid AE é nó í freisin.
110. Agus critéir chainníochtúla um aitheantas á gcur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an luach saothair ar fad a dhámhtar ar bhall foirne laistigh de raon feidhme iomlán an chomhdhlúthaithe stuamachta a chur san áireamh.
111. Agus critéir cháilíochtúla um aitheantas á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na baill foirne atá freagrach as an bhfeidhm atá ainmnithe sna critéir cháilíochtúla a shainaitheint; ní hé ainm na feidhme an príomhchritéar maidir le sainaitheint ach an t-údarás agus an fhreagracht a thugtar don fheidhm.

5.4 Ról an mháthairghnóthais de chuid an Aontais

112. Ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais comhsheasmhacht fhoriomlán na ngrúpbheartas luach saothair a áirithiú, lena n-áirítear na próisis aitheantais agus cur chun feidhme ceart ar bhonn comhdhlúite agus ar bhonn aonair.

5.5 Ról na bhfochuideachtaí agus na mbrainsí

113. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta ar fochuideachtaí de chuid mháthairghnóthas de chuid an Aontais an beartas arna eisiúint ag an máthairghnóthas comhdhlúthaithe de chuid an Aontais agus an próiseas chun baill foirne a shainaitheint a chur chun feidhme laistigh dá mbeartas luach saothair.

114. Ba cheart go nglacfadh gach fochuideachta páirt ghníomhach sa phróiseas aitheantais a dhéanann máthairghnóthas comhdhlúthaithe an Aontais. Go sonrach, ba cheart do gach fochuideachta faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil faoi réir Threoir (AE) 2019/2034 iad féin, an fhaisnéis go léir is gá chun na baill foirne uile a bhfuil tionchar ábhartha acu ar an bpróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé a shainaithint i gceart ar bhonn comhdhlúite.
115. Ní cheanglaítear ar fhochuideachtaí nach bhfuil faoi réir Threoir (AE) 2019/2034 iad féin próiseas aitheantais a dhéanamh ar an leibhéal aonair, mura gceanglaítear orthu déanamh amhlaidh faoi cheanglais luach saothair a bhaineann go sonrach le hearnáil. Maidir leis na fochuideachtaí sin nach bhfuil faoi réir na Treorach nó ceanglais shonracha eile maidir le luach saothair, ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais an measúnú a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag an bhfochuideachta. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/2034 a bhféinmheasúnú a dhéanamh chun baill foirne a shainaithint ar an leibhéal aonair. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta a chuimsítear sa phróiseas aitheantais ar bhonn comhdhlúite cur i bhfeidhm praiticiúil an phróisis aitheantais ar an leibhéal aonair a tharmligean don mháthairghnóthas de chuid an Aontais.
116. Ba cheart do bhrainsí i mBallstát de chuid gnólachtaí infheistíochta a bhfuil a gceannoifig i dtríú tír agus gnólachtaí infheistíochta i mBallstát ar fochuideachtaí de chuid máthairghnóthais infheistíochta i dtríú tíortha iad an próiseas aitheantais a sheoladh agus a máthairghnólacht infheistíochta a chur ar an eolas faoina thorthaí. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta i mBallstát a gcuid fochuideachtaí a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta agus brainsí atá lonnaithe i dtríú tíortha a chuimsiú ina measúnú. Ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta ar an eolas gur cuid neamhspleách den ghnólacht infheistíochta iad brainsí.
117. Maidir le brainsí tríú tíortha atá lonnaithe i mBallstát, ba cheart na critéir maidir le haitheantas a chur i bhfeidhm ar na feidhmeanna, na gníomhaíochtaí gnó agus na baill foirne atá lonnaithe i mBallstát mar a chuirfí i bhfeidhm iad ar ghnólacht infheistíochta ar an leibhéal aonair.

6. Bonn caipitil

118. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla a áirithiú nach ndéanfar dochar do chumas na ngnólachtaí infheistíochta bonn fóna caipitil a áirithiú mar gheall ar dhámhachtain, íocaíocht amach agus dílsiú luach saothair inathraithe, lena n-áirítear cur i bhfeidhm socruithe malus agus aisghlámtha faoi bheartas luach saothair na ngnólachtaí infheistíochta.

119. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil an bonn caipitil fóna, ba cheart don ghnólacht infheistíochta a chistí dílse foriomlána, a chomhdhéanamh agus go háirithe caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus ceanglais a chistí dílse a chur san áireamh. Tá feidhm ag an gceanglas maidir le bonn fóna caipitil a choinneáil maidir le bonn comhdhlúite chomh maith. Ina theannta sin, ba cheart do na húdaráis inniúla torthaí a n-athbhreithnithe maoirseachta a chur san áireamh.
120. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta tionchar luach saothair inathraithe - idir méideanna tosaigh agus méideanna iarchurtha - a chur san áireamh ina bpleanáil chaipitil agus leachtachta agus ina bpróiseas measúnaithe inmheánach foriomlán ar leordhóthanacht chaipitil.
121. Ní chuirfidh an luach saothair inathraithe iomlán arna dhámhachtain ag gnólacht infheistíochta teorainn le cumas an ghnólachta infheistíochta bonn fóna caipitil a choinneáil nó a aschur san fhadtéarma agus ba cheart dó aird a thabhairt ar leasanna scairshealbhóirí agus úinéirí, infheisteoirí agus geallsealbhóirí eile. Níor cheart luach saothair inathraithe a dhámhachtain ná a íoc i gcás gurb é an éifeacht a bheadh ann nach mbeadh bonn caipitil an ghnólachta infheistíochta fóna a thuilleadh. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta na ceanglais sin, na torthaí ón bpróiseas measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil inmheánaigh, a phleanáil ilbhliantúil caipitil agus moltaí maidir le dáiltí ó údaráis inniúla agus Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha a mheas, agus an méid seo a leanas á chinneadh:
- a. an stór foriomlán luach saothair inathraithe is féidir a dhámhachtain don bhliain sin; agus
 - b. méid an luach saothair inathraithe a bheidh íoctha amach nó a bheidh á dhílsiú sa bhliain sin.
122. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta nach bhfuil bonn fóna caipitil nó a bhfuil fónacht an bhoinn caipitil i mbaol, na bearta seo a leanas a dhéanamh maidir le luach saothair inathraithe:
- a. an stór bóinas inathraithe a laghdú, lena n-áirítear an fhéidearthacht é a laghdú go nialas;
 - b. na bearta coigeartaithe feidhmíochta is gá a chur i bhfeidhm, go háirithe malus;
 - c. úsáid a bhaint as glanbhrabús an ghnólachta infheistíochta don bhliain sin agus b'fhéidir do na blianta ina dhiaidh sin chun an bonn caipitil a neartú. Níor cheart don ghnólacht infheistíochta cúiteamh a dhéanamh i leith aon laghdú ar an gcúiteamh inathraithe a dhéanfar chun bonn caipitil fóna a áirithiú sna blianta amach romhainn nó trí íocaíochtaí, trí bhealaí nó trí mhodhanna eile a mbeadh sárú ar an bhforáil seo mar thoradh air.
123. Ba cheart d'údaráis inniúla idirghabháil a dhéanamh i gcás ina ndéantar dochar le dámhachtain luach saothair inathraithe do bhonn caipitil fóna a choinneáil trína cheangal ar an ghnólacht infheistíochta caidhp a laghdú nó a chur i bhfeidhm ar stór foriomlán an luach saothair inathraithe arna chinneadh go dtí go dtiocfaidh feabhas ar staid leordhóthanachta an

chaipitil; agus más gá bearta coigeartaithe feidhmíochta a chur i bhfeidhm, go háirithe malus, agus a cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta glanbhrabúis a úsáid chun cistí dílse a neartú.

Teideal II - Struchtúr an luach saothair

7. Catagóirí an luach saothair

124. Faoi Threoir (AE) 2019/2034, is ionann luach saothair agus luach saothair seasta nó luach saothair athraithe; níl aon tríú catagóir luach saothair ann. Gan dochar do chur chun feidhme náisiúnta um tharscaoileadh faoi mhíreanna (4) go (7) d’Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034, i gcás go bhfuil luach saothair inathraithe agus go n-íoctar leis na baill foirne shainaitheanta é, ní mór ceanglais uile Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 a chomhlíonadh freisin i dteannta leis na ceanglais ghinearálta in Airteagal 26 agus in Airteagal 30 de. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta comhpháirteanna an luach saothair a leithdháileadh ar luach saothair seasta nó ar luach saothair inathraithe agus ba cheart go leagfaí amach ina mbeartais luach saothair critéir atá soiléir, oibiachtúil, réamhchinnte agus trédhearcach chun na comhpháirteanna uile luach saothair a shannadh do na catagóirí seasta nó na catagóirí inathraithe i gcomhréir leis na treoirlínte seo.
125. I gcás nach féidir comhpháirt a leithdháileadh go soiléir ar an luach saothair seasta bunaithe ar na critéir dá bhforáiltear sna treoirlínte seo, ba cheart é a mheas mar luach saothair inathraithe.
126. Bíonn luach saothair seasta i gcás go mbaineann an méid seo a leanas lena choinníollacha maidir lena dhámhachtain agus lena mhéid:
- tá siad bunaithe ar chritéir réamhchinnithe;
 - tá siad neamhroghnach, ag teacht le leibhéal na taithí gairmiúla agus sinsearach na foirne;
 - tá siad trédhearcach maidir leis an méid aonair a dhámhtar ar an mball foirne aonair;
 - tá siad buan, i.e. coinnítear ar bun iad thar thréimhse atá ceangailte leis an ról sonrath agus leis na freagrachtaí eagraíochtúla;
 - tá siad neamh-inchúlghairthe; ní athraítear an méid buan ach trí chómhargáil nó i ndiaidh athchaibidlíochta i gcomhréir leis na critéir náisiúnta maidir le pá a shocrú;
 - ní féidir leis an ngnólacht infheistíochta iad a laghdú, a chur ar fionraí ná a chur ar ceal;
 - ní sholáthraítear dreasachtaí le haghaidh glacadh riosca leo; agus
 - ní bhraitheann siad ar fheidhmíocht.

127. Measfar gur luach saothair seasta iad comhpháirteanna luach saothair atá ina gcuid de bheartas ginearálta gnólachta infheistíochta i gcás go gcomhlíonann siad na coinníollacha a liostaítear i mír 128 nó íocaíochtaí atá éigeantach faoin dlí náisiúnta. Áirítear leis sin íocaíochtaí atá ina gcuid de ghnáthphacáistí fostaíochta mar atá sainmhínithe sna treoirínte seo.
128. Ba cheart na comhpháirteanna luach saothair seo a leanas a mheas mar chomhpháirteanna seasta chomh maith, i gcás ina ndéileáiltear ar bhealach comhsheasmhach le gach cás comhchosúil:
- a. luach saothair a íoctar le baill foirne easaoránacha i bhfianaise na gcostas maireachtála agus na rátaí cánach i dtír eile;
 - b. liúntais a úsáidtear chun an bunphá seasta a mhéadú i gcásanna ina n-oibríonn baill foirne thar lear agus ina bhfaigheann siad níos lú luach saothair ná mar a d'íocfaí ar an margadh fostaíochta áitiúil i gcomhair post inchomparáide i gcás go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha sonracha seo a leanas:
 - i. íoctar an liúntas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach leis na baill foirne ar fad atá i gcás comhchosúil;
 - ii. déantar an liúntas a dhámhachtain toisc go n-oibríonn baill foirne go sealadach thar lear nó i bpost difriúil lena mbaineann leibhéal luach saothair a chaithfear a choigeartú chun teacht leis na leibhéil phá sa mhargadh ábhartha;
 - iii. tá leibhéal na n-íocaíochtaí breise bunaithe ar chritéir réamhchinntithe;
 - iv. tá fad an liúntais ceangailte le fad an staid dá dtagraítear thuas.

8. Cásanna ar leith de chomhpháirteanna luach saothair

8.1 Liúntais

129. Féadfaidh comhpháirteanna éagsúla a bheith i luach saothair athraithe agus seasta gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear íocaíochtaí nó sochair bhreise nó choimhdeacha. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta anailís a dhéanamh ar liúntais¹⁸ agus iad a leithdháileadh ar chomhpháirt inathraithe nó ar chomhpháirt sheasta an luach saothair. Ba cheart go mbeadh an leithdháileadh bunaithe ar na critéir in alt 7.
130. Go sonrach, i gcás go meastar gur luach saothair seasta iad liúntais, ach go léiríonn siad aon cheann de na gnéithe seo a leanas, ba cheart don ghnólacht infheistíochta torthaí na measúnuithe a rinneadh faoi alt 7 a thaifeadh go cúí:

¹⁸ Féadfaidh an lipéad a bheith difriúil ag brath ar an ngnólachta infheistíochta: 'pá rólbhunaithe, liúntas foirne, liúntas róil inchoigeartaithe, liúntas pá sheasta', etc.

- a. ní íoctar iad ach le baill foirne shainitheanta¹⁹;
- b. tá siad teoranta do chásanna ina sáróidh an cóimheas idir comhphárteanna inathraithe agus comhphárteanna seasta an luach saothair an cóimheas a leagtar síos sa bheartas luach saothair seachas sin;
- c. tá na liúntais nasctha le táscairí a d'fhéadfaí a thuiscint mar sheachvótálaithe le haghaidh feidhmíochta. Sa chás sin ba cheart go mbeadh an gnólacht infheistíochta ábalta a léiriú nach bhfuil na táscairí sin nasctha le feidhmíocht an ghnólachta infheistíochta, e.g. trí anailís a dhéanamh ar an gcomhghaol leis na táscairí feidhmíochta a úsáidtear.

131. I gcás go bhfuil na liúntais bunaithe ar ról, ar fheidhm nó ar fhreagracht eagraíochtúil na mball foirne, chun iad a mhapáil i gceart le comhpháirt sheasta an luach saothair, ba cheart dóibh na critéir atá leagtha amach i mír 128 a chomhlíonadh agus na sonraí uile seo a leanas á gcur san áireamh:

- a. tá an liúntas ceangailte le ról nó le freagracht eagraíochtúil agus dámhtar é fad is nach dtarlóidh aon athruithe ábhartha maidir le freagrachtaí agus údaráis an ról ionas go mbeadh ról difriúil nó freagracht eagraíochtúil dhifriúil eile ag an mball foirne;
- b. ní bhraitheann an méid ar thosca ar bith seachas ról áirithe a chomhlíonadh nó freagracht eagraíochtúil áirithe a bheith air nó uirthi agus na critéir i mír 14;
- c. bheadh aon bhall foirne eile a chomhlíonadh an ról céanna nó a mbeadh an fhreagracht eagraíochtúil chéanna aige nó aici agus atá i staid inchomparáide i dteideal liúntas inchomparáide.

132. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú nach bealach nó modh iad liúntais lena n-éascaítear neamhchomhlíonadh gnólachtaí infheistíochta maidir le Treoir (AE) 2019/2034.

8.2 Luach saothair inathraithe bunaithe ar fheidhmíocht amach anseo

133. I gcás go bhfuil dámhachtain luach saothair inathraithe, lena n-áirítear pleananna dreasachta fadtéarmacha (LTIPanna), bunaithe ar fheidhmíocht roimhe seo ar feadh bliana ar a laghad, ach go mbraitheann sé freisin ar choinníollacha feidhmíochta amach anseo, ba cheart go mbeadh feidhm ag na nithe seo a leanas:

- a. ba cheart go ndéanadh gnólachtaí infheistíochta na coinníollacha feidhmíochta breise nach mór a chomhlíonadh i ndiaidh dhámhachtain an luach saothair inathraithe atá le dílisiú a leagan amach go soiléir do na baill foirne;

¹⁹ Níor cheart a mheas gur ionann ball foirne sainitheanta agus ról nó feidhm.

- b. ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, sula ndílsíonn siad an luach saothair inathraithe, a mheas gur comhlíonadh na coinníollacha maidir lena dhílsiú;
 - c. ba cheart na coinníollacha feidhmíochta breise réamhbhreathnaithe a leagan síos ar feadh tréimhse feidhmíochta réamhshainithe de bhliain amháin ar a laghad;
 - d. i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha feidhmíochta breise réamhbhreathnaithe, ba cheart go mbeadh suas le 100% den luach saothair inathraithe arna dhámhachtain faoi na coinníollacha sin faoi réir socruithe malus;
 - e. ba cheart go dtiocfadh deireadh leis an tréimhse iarchurtha bliain amháin ar a luaithe i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll feidhmíochta deiridh; beidh feidhm ag na forálacha eile go léir maidir le hiarchur an luach saothair inathraithe le haghaidh baill foirne shainaitheanta atá leagtha amach in alt 15 ar an dóigh chéanna le luach saothair inathraithe atá bunaithe go heisiach ar fheidhmíocht roimh a dhámhachtain;
 - f. chun an cóimheas idir comhpháirt inathraithe agus comhpháirt sheasta an luach saothair iomláin a ríomh, ba cheart méid iomlán an luach saothair inathraithe a dámhadh a chur san áireamh sa bhliain airgeadais inar dámhadh an luach saothair inathraithe, lena n-áirítear LTIPanna. Ba cheart go mbeadh feidhm aige seo freisin i gcás go ndearnadh measúnú ar an bhfeidhmíocht roimhe seo i dtréimhse fhabhráithe ilbhliantúil.
134. I gcás go bhfuil plean luach saothair ionchasach i ndáil le luach saothair inathraithe, lena n-áirítear LTIPanna, bunaithe go heisiach ar choinníollacha feidhmíochta amach anseo (e.g. i gcás go bhfaigheann baill foirne nua LTIP ag tús na chéad bhliana fostaíochta), ba cheart an méid a mheas mar mhéid a dámhadh i ndiaidh na coinníollacha feidhmíochta a chomhlíonadh, agus seachas sin níor cheart aon dámhachtain a dhéanamh. Ba cheart méideanna dámhachtana a chur san áireamh chun cóimheas idir comhpháirt inathraithe agus comhpháirt sheasta an luach saothair iomláin a ríomh sa bhliain airgeadais roimh a ndámhachtain. I gcás go ndámhtar líon sonrach ionstraimí, ba cheart iad a luacháil go heisceachtúil chun comhpháirt inathraithe agus comhpháirt sheasta an luach saothair iomláin a ríomh leis an bpraghas margaidh nó an luach cóir arna chinneadh tráth a ndearnadh an phlean luach saothair ionchasaigh don luach saothair inathraithe a dhámhachtain. Ba cheart go mbeadh pointí (a) go (c) de mhír 134 i bhfeidhm. Tá feidhm ag na ceanglais eile go léir ar an dóigh chéanna maidir le luach saothair inathraithe, e.g. tosaíonn an tréimhse iarchurtha nuair a dhámhtar an luach saothair inathraithe.

8.3 Díbhinní agus íocaíochtaí úis

135. Níl na díbhinní a íoctar ar scaireanna dílsithe nó leasanna úinéireachta coibhéseacha a fhaigheann baill foirne mar scairshealbhóirí nó mar úinéirí gnólachta infheistíochta ina gcuid den luach saothair chun críocha na dtreoirlínte seo. Tá sé sin i bhfeidhm chomh maith maidir le hús a íoctar leis na baill foirne ar ionstraimí eile a dhámhtar i ndiaidh dóibh dílsiú.

8.4 Bónais choinneála

136. Ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta ábalta bunús a thabhairt lena leas dlisteanach i mbónais choinneála a dhámhachtain chun ball foirne sainaitheanta a choinneáil. Mar shampla, féadfar bónais choinneála a úsáid faoi athstruchtúru, i bhfoirceannadh nó i ndiaidh athrú rialaithe nó chun a áirithiú go dtabharfar chun críche mórthionscadail laistigh de ghnólacht infheistíochta. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an t-imeacht nó an bonn cirt lena raibh sé riachtanach bónas coinneála a dhámhachtain agus an tréimhse ama a thaifeadh, lena n-áirítear an dáta tosaigh agus an dáta deiridh, ar glacadh leis gurb ann don chúis. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na coinníollacha coinneála agus na coinníollacha feidhmíochta is infheidhme a shainiú. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta tréimhse choinneála a shonrú agus dáta nó imeacht a chinnfidh siad ina dhiaidh sin ar comhlíonadh na coinníollacha coinneála agus feidhmíochta nó nár comhlíonadh.
137. Mar phrionsabal ginearálta, níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta bónais choinneála iomadúla a dhámhachtain ar bhall foirne; i gcásanna eisceachtúla agus i gcás go bhfuil údar cuí leis, féadfar níos mó ná bónas coinneála amháin a íoc le ball foirne, ach ag tráthanna éagsúla agus faoi na coinníollacha a shonraítear san alt seo maidir le gach bónas coinneála. Níor cheart na bónais choinneála a dhámhachtain i gcás gur comhlíonadh na coinníollacha coinneála agus na coinníollacha feidhmíochta is infheidhme. Ina theannta sin, níor cheart an bónas coinneála a dhámhachtain ach i gcás nach bhfuil cúiseanna ar bith ann a d'fhágfadh nár cheart an bónas coinneála a dhámhachtain, e.g. sárúithe ábhartha ar chomhlíonadh, mí-iompar nó teipeanna eile an bhaill foirne sin.
138. Ba cheart go mbeadh bónas coinneála i gcomhréir leis na ceanglais maidir le bonn fóna caipitil a choinneáil faoi Airteagal 31 agus Airteagal 32(1)(d) de Threoir (AE) 2034/2019 agus na cumhachtaí maoirseachta faoi seach faoi Airteagal 39(2)(g) de Threoir (AE) 2034/2019 a bhféadfadh cás ina bhféadfadh gá an bónas coinneála a laghdú, b'fhéidir fiú go nialas, a bheith mar thoradh air.
139. Agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé iomchuí bónas coinneála a dhámhachtain ar bhaill foirne sainaitheanta á mheas agus á bhreithniú, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta agus údaráis inniúla na nithe seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:
- na hábhair imní a mbeadh an riosca go bhféadfaidh baill foirne áirithe rogha a dhéanamh an gnólacht infheistíochta a fhágáil a bheith mar thoradh orthu;
 - na cúiseanna lena bhfuil sé ríthábhachtach don ghnólacht infheistíochta na baill foirne sin a choinneáil;
 - an iarmhairt má fhágann an ball foirne lena mbaineann an gnólacht infheistíochta;
 - an bhfuil méid an bhónais coinneála a dámhadh riachtanach agus comhréireach chun an ball foirne ar a bhfuil sé dírithe a choinneáil.

140. Ba cheart go mbeadh bónas coinneála bunaithe ar choinníollacha sonracha atá difriúil leis na coinníollacha feidhmíochta a chuirtear i bhfeidhm ar chodanna eile den luach saothair athraithe agus go gcuimsítear ann coinníoll coinneála agus coinníollacha feidhmíochta sonracha. Ba cheart go mbeadh an cuspóir coinneála mar thoradh ar na coinníollacha sonracha maidir le bónas coinneála (i.e. baill foirne a choinneáil sa ghnólacht infheistíochta ar feadh tréimhse ama réamhshainithe nó go dtí imeacht áirithe). Ba cheart go gcuimseofaí sna coinníollacha sonracha feidhmíochta coinníollacha a bhaineann leis an leas dlisteanach ar cheart an ball foirne a choinneáil ina leith, le hiompar na mball foirne agus ba cheart go dtiocfaidh siad leis na forálacha i mír 138. Níor cheart go dtiocfadh cásanna as bónais choinneála nach bhfuil luach saothair inathraithe iomlán an bhaill foirne, ina gcuimsítear luach saothair inathraithe a bhaineann le feidhmíocht agus bónas coinneála, nasctha a thuilleadh le feidhmíocht an duine aonair, an aonaid gnó lena mbaineann agus thorthaí foriomlána an ghnólachta infheistíochta mar a cheanglaítear faoi Airteagal 30(j)(ii) agus 32(1)(a) de Threoir (AE) 2034/2019.
141. Níor cheart bónais coinneála a dhámhachtain mar chúiteamh amháin ar luach saothair a bhaineann le feidhmíocht nár íocadh mar gheall ar fheidhmíocht neamhleor nó ar staid airgeadais an ghnólachta infheistíochta.
142. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an tréimhse choinneála a shocrú mar phointe ama an imeachta nó mar an tréimhse idir dáta tosaithe agus dáta deiridh an imeachta ina cheart an coinníoll coinneála a chomhlíonadh. Ba cheart na bónais choinneála a dhámhachtain nuair a bheidh an tréimhse choinneála críochnaithe. Níor cheart aon dámhachtainí pro rata a dhéanamh le linn na tréimhse coinneála.
143. Is luach saothair inathraithe iad bónais choinneála agus dá bhrí sin má dhámhtar iad ar bhaill foirne shainaitheanta, ní mór dóibh na ceanglais maidir le luach saothair inathraithe faoi Airteagal 32 de IFD a chomhlíonadh, lena n-áirítear an t-uaschóimheas arna shocrú go himmheánach idir an luach saothair inathraithe agus an luach saothair seasta, an t-aillíniú riosca ex post, íocaíocht in ionstraimí, iarchur, coinneáil, malus agus aisghlámhadh.
144. Neamhspleách ar nach ndéanfar an bónas coinneála a dhámhachtain ach i ndiaidh dheireadh na tréimhse coinneála, ba cheart an bónas coinneála a chur san áireamh agus an cóimheas idir comhpháirt inathraithe agus comhpháirt sheasta an luach saothair á ríomh i ndiaidh ceann de na modhanna a shonraítear thíos:
- a. roinntear an bónas coinneála i méideanna bliantúla do gach bliain den tréimhse choinneála arna ríomh ar bhonn líneach pro rata. I gcás nach heol fad beacht na tréimhse coinneála roimh ré, ba cheart don ghnólacht infheistíochta tréimhse a shocrú agus a thairgeadh go cuí agus an staid agus na bearta a glacadh lena dtugtar údar maith le bónas coinneála a íoc á gcur san áireamh. Ba cheart ríomh an chóimheasa a bheith bunaithe ar an tréimhse atá socraithe, nó

- b. déantar méid iomlán an bhónais coinneála a mheas an bhliain ina gcomhlíontar an coinníoll coinneála.

8.5 Sochair phinsin lánroghnacha

145. Is cineál luach saothair inathraithe iad sochair phinsin lánroghnacha. I gcás go cuimsítear i dtéarmaí scéim pinsin na cuideachta sochair phinsin nach bhfuil bunaithe ar fheidhmíocht agus a dheonaítear go comhsheasmhach do chatagóir ball foirne, níor cheart sochair phinsin dá leithéid a mheas mar chinn lánroghnacha, ach ba cheart iad a mheas mar chuid de ghnáthphacáistí fostaíochta i gcomhréir leis an gcuid sna treoirlínte seo maidir le sainmhínithe. Ní ionann sochair phinsin lánroghnacha agus scaoilíocaíochtaí, fiú má chinneann an fostaí dul ar scor go luath.
146. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta a áirithiú, i gcás go bhfágfadh ball foirne an gnólacht infheistíochta nó go n-éireodh sé nó sí as, nach n-íocfar sochair phinsin lánroghnacha gan staid eacnamaíoch an ghnólachta infheistíochta nó na rioscaí atá glactha ag an mball foirne a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gnólacht infheistíochta san fhadtéarma a chur san áireamh.
147. Ní mór méid iomlán na sochar pinsin lánroghnach a dhámhachtain, i gcomhréir le hAirteagal 32(3) de Threoir (AE) 2019/2034 agus faoi réir an mhaolaithe faoi Airteagal 32(4) den Treoir seo, in ionstraimí dá dtagraítear i bpointe (j) den Airteagal seo nó, i gcás go bhfuil sé faofa ag údaráis inniúla, laistigh de na socruithe malartacha faoi Airteagal 32(1)(k) agus:
 - a. i gcás go bhfágfadh ball foirne sainaitheanta an gnólacht infheistíochta roimh am scoir, ní mór don ghnólacht infheistíochta méid iomlán na sochar pinsin lánroghnach a shealbhú ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad gan an dílsiú pro rata a chur i bhfeidhm;
 - b. i gcás go sroicheann ball foirne aitheanta am scoir, ní mór tréimhse choinneála cúig bliana a chur i bhfeidhm ar an méid iomlán a íocadh.
148. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go gcuirfear socruithe malus agus aisghlámtha i bhfeidhm ar shochair phinsin lánroghnacha an dóigh chéanna a gcuirtear i bhfeidhm ar chomhpháirteanna eile den luach saothair athraithe iad.

9. Comhpháirteanna eisceachtúla luach saothair

9.1 Luach saothair ráthaithe

149. Is féidir le luach saothair inathraithe ráthaithe a bheith i bhfoirmeacha éagsúla amhail 'bónas ráthaithe', 'bónas fáilte', 'bónas clárúcháin', 'bónas íosta' etc., agus is féidir é a dhámhachtain in airgead tirim nó in ionstraimí.
150. Agus luach saothair inathraithe ráthaithe á dhámhachtain acu i gcomhréir le hAirteagal 32(1)(e) de Threoir (AE) 2019/2034 agus baill foirne nua á bhfostú acu, ní cheadaítear do ghnólachtaí infheistíochta luach saothair inathraithe a ráthú ar feadh tréimhse níos faide ná an

chéad bhliain fostaíochta. Tá luach saothair inathraithe ráthaithe eisceachtúil agus ní féidir leis a bheith ann ach i gcás go bhfuil bonn láidir caipitil ag an ngnólacht infheistíochta i gcomhréir leis na treoirlínte seo.

151. Níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta luach saothair inathraithe ráthaithe a dhámhachtain ach uair amháin ar an mball foirne aonair céanna. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an gceanglas seo maidir leis an leibhéal comhdhlúite chomh maith agus áirítear leis cásanna ina bhfaigheann baill foirne conradh nua ón ngnólacht infheistíochta céanna nó ó ghnólacht eile laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe.
152. Mar chuid de na socruithe lena ráthaítear an chuid seo de luach saothair inathraithe, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta a chinneadh gan na ceanglais maidir le socruithe malus agus aisghlámtha a chur i bhfeidhm ar luach saothair inathraithe ráthaithe. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta an méid iomlán a íoc amach in airgead neamh-iarchurtha.

9.2 Cúiteamh nó ceannach thar barr amach ó chonradh fostaíochta roimhe seo

153. Níor cheart an cúiteamh as conradh roimhe seo a cheannach thar barr amach ach i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha atá sainmhínithe i gcuid 9.1 de na treoirlínte seo.
154. Ba cheart luach saothair a mheas mar chúiteamh a dheonaítear mar chúiteamh nó chun conradh roimhe sin a cheannach thar barr amach i gcás gur laghdaigh nó gur chúlghair an fostóir roimhe luach saothair inathraithe iarchurtha an bhaill foirne mar gheall ar fhoirceannadh an chonartha nó i gcás go gcaithfidh an ball foirne íocaíochtaí a fuarthas a aisíoc (e.g. mar chuid de chomhaontú um chlúdach speansas oideachais). Maidir le pacáistí luach saothair a bhaineann le cúiteamh nó le ceannach thar barr amach ó chonarthaí i bhfostaíocht roimhe seo, beidh feidhm ag na ceanglais uile maidir le luach saothair inathraithe agus na forálacha sna treoirlínte seo, lena n-áirítear iarchur, coinneáil, íocaíocht amach in ionstraimí agus socruithe aisghlámtha.

9.3 Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí eile i ndiaidh dheireadh an chonartha

9.3.1 Pá téarfa

155. Ba cheart go sonrúfaí i mbeartais luach saothair de chuid gnólachtaí infheistíochta an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as scaoilíocaíochtaí, lena n-áirítear an t-uasmhéid nó na critéir chun méideanna dá leithéid is féidir a dhámhachtain mar phá scoir ar bhaill foirne shainaitheanta a chinneadh. Agus uasmhéideanna na scaoilíocaíochtaí á gcinneadh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na comhpháirteanna seasta de luach saothair na mball foirne a mheas go háirithe. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a mheas conas a chuirfidh siad an cóimheas atá socraithe idir an luach saothair athraithe agus an luach saothair seasta i bhfeidhm ar scaoilíocaíochtaí.

156. Ba cheart creat a bheith ag gnólachtaí infheistíochta lena gcinntear agus lena bhfaomhtar pá téarfa i gcomhthéacs luathfhoirceannadh conartha ag an ngnólacht infheistíochta, lena n-áirítear leithdháileadh soiléir na bhfreagrachtaí agus na gcumhachtaí cinnteoireachta agus rannpháirtíocht nós imeachta na bhfeidhmeanna rialaithe.
157. Níor cheart go ndéanfaí soláthar le scaoilíocaíochtaí i leith luach saothair dhíríreach, ach i leith cúiteamh iomchuí don bhall foirne i gcásanna luathfhoirceannadh an chonartha. I gcomhréir le hAirteagal 32(1)(f) de Threoir (AE) 2019/2034 ní foláir nó go dtiocfaidh na scaoilíocaíochtaí leis an bhfeidhmíocht a baineadh amach le himeacht ama agus ní foláir nach mbeidh siad ina luach saothair i gcomhair teipe nó mí-iompair.
158. Níor cheart pá téarfa a dhámhachtain i gcás inar léir go bhfuil teip ann lena n-éascaítear an Conradh a chealú láithreach nó an ball foirne a dhífhostú.
159. Níor cheart pá téarfa a dhámhachtain i gcás go n-éireodh ball foirne as go deonach chun post a ghlacadh in eintiteas dlíthiúil eile, mura gceanglaítear scaoilíocaíocht leis an dlí náisiúnta.
160. Níor cheart déileáil le híocaíochtaí breise i gcomhthéacs dheireadh rialta tréimhse conarthaí nó ceapacháin mar chomhalta den chomhlacht bainistíochta, e.g. sochar pinsin lánroghnach a dámhadh, mar scaoilíocaíochtaí, ach mar ghnáthluach saothair inathraithe ar le haghaidh baill foirne shainaitheanta iad faoi réir na gceanglas sonracha uile maidir le luach saothair inathraithe.
161. Áirítear le scaoilíocaíochtaí íocaíochtaí breise de bhreis ar an ngnáthluach saothair sna cásanna sonracha seo a leanas:
- a. luach saothair iomarcaíochta as post a chailleadh i gcás luathfhoirceannadh an chonartha ag an ngnólacht infheistíochta nó ag a fhochuideachta;
 - b. luach saothair arna dhámhachtain ar feadh tréimhse teoranta ama arna chomhaontú chun tréimhse aistarraingthe a thabhairt isteach i ndiaidh fhoirceannadh an chonartha agus atá faoi réir clásal neamhiomaíochta sa chonradh;
 - c. foirceannann an gnólacht infheistíochta conarthaí foirne mar gheall ar mhainneachtain an ghnólachta infheistíochta nó ar bhearta luath-idirghabhála;
 - d. is mian leis an ngnólacht infheistíochta an Conradh a fhoirceannadh i ndiaidh laghdú ábhartha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta ina raibh an ball foirne gníomhach nó i gcás gur cheannaigh gnólachtaí infheistíochta eile réimsí gnó gan rogha a bheith ann do na baill foirne fanacht i bhfostaíocht sa ghnólacht infheistíochta fála;
 - e. aontaíonn an gnólacht infheistíochta agus ball foirne ar shocrú i gcás aighnis saothair iarbhir a d'fhéadfadh caingeán os comhair cúirte a bheith mar thoradh air go réadúil.

162. I gcás go ndámhann gnólachtaí infheistíochta pá téarfa, ba cheart go mbeadh na gnólachtaí infheistíochta ábalta na cúiseanna atá leis an scaoilíocaíocht, oiriúnacht an mhéid a dámhadh agus na critéir a úsáidtear chun an méid a chinneadh a thaispeáint don údarás inniúil, lena n-áirítear go bhfuil sé nasctha leis an bhfeidhmíocht a baineadh amach le himeacht ama agus nach dtugtar luach saothair leis i gcomhair teipe nó mí-iompair.
163. Agus méid na scaoilíocaíochtaí atá le déanamh á chinneadh, ba cheart don ghnólacht infheistíochta an fheidhmíocht a baineadh amach le himeacht ama a chur san áireamh agus measúnú a dhéanamh, nuair is ábhartha, ar dhéine aon teipe. Ba cheart teipeanna sainaitheanta a idirdhealú idir teipeanna an ghnólachta infheistíochta agus teipeanna an bhaill foirne sainaitheanta mar a leanas:
- ba cheart teipeanna an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh nuair a chinntear méid iomlán na scaoilíocaíochtaí do na baill foirne, agus bonn caipitil an ghnólachta infheistíochta á chur san áireamh; níor cheart go mbeadh na scaoilíocaíochtaí sin níos airde ná an laghdú ar chostais a baineadh amach trí chonarthaí a fhoirceannadh go luath;
 - maidir le teipeanna ball sainaitheanta, ba cheart go mbeadh coigeartú anuas ar mhéid an phá téarfa a dhámhfaí murach sin mura ndéanfaí ach an fheidhmíocht le himeacht ama a mheas i meastachán an phá théarfa, lena n-áirítear an fhéidearthacht an méid a laghdú go nialas.
164. Áirítear na cásanna seo a leanas le mainneachtain gnólachtaí infheistíochta:
- i gcás gur comhdaíodh gnáthimeachtaí dócmhainneachta an ghnólachta infheistíochta, mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(1)(47) de Threoir 2014/59/AE;
 - i gcás nach bhfuil bonn fóna caipitil ag an ngnólacht infheistíochta a thuilleadh mar gheall ar chailteanais shuntasacha agus, ina dhiaidh sin, go ndíoltar an réimse gnó nó go laghdaítear an ghníomhaíocht ghnó.
165. Ba cheart teipeanna na mball foirne sainaitheanta a mheasúnú de réir an cháis, agus na cásanna seo a leanas chur san áireamh:
- i gcás nach measfar a thuilleadh go bhfuil na caighdeáin chúí oiriúnachta agus cuibhis á gcomhlíonadh ag comhalta den chomhlacht bainistíochta;
 - i gcás gur ghlac an ball foirne sainaitheanta páirt in iompar nó go bhfuil sé nó sí freagrach as iompar a raibh cailteanais shuntasacha don ghnólacht infheistíochta mar thoradh air, mar atá sainmhínithe i mbeartas luach saothair na ngnólachtaí infheistíochta;
 - i gcás go ngníomhaíonn ball foirne sainaitheanta contrártha do rialacha, luachanna nó nósanna imeachta inmheánacha ar bhonn intinne nó mórfhaillí.
166. Ba cheart scaoilíocaíochtaí a mheas mar luach saothair inathraithe agus mar phrionsabal ginearálta, dá bhrí sin, má dhámhtar iad ar bhaill foirne shainaitheanta, beidh na ceanglais uile

faoi Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 i bhfeidhm. Sna himthosca seo a leanas, áfach, ba cheart scaoilíocaíochtaí a chur san áireamh chun an cóimheas idir an luach saothair inathraithe agus an luach saothair seasta atá socraithe sa bheartas luach saothair a ríomh agus chun iarchur agus íocaíocht in ionstraimí a chur i bhfeidhm:

- a. scaoilíocaíochtaí atá éigeantach faoin dlí saothair náisiúnta nó atá éigeantach i ndiaidh cinneadh cúirte;
- b. scaoilíocaíochtaí faoi (i) agus (ii) i gcás go bhfuil an gnólacht infheistíochta ábalta na cúiseanna agus an oiriúnacht a bhaineann le méid na scaoilíocaíochta a léiriú:
 - (i) scaoilíocaíochtaí arna ríomh trí fhoirmle chineálach réamhshainithe iomchuí (e.g. saoire gharraíodóireachta) arna socrú laistigh den bheartas luach saothair sna cásanna dá dtagraítear i mír 161;
 - (ii) scaoilíocaíochtaí a chomhfhreagraíonn leis an méid breise atá dlite i gcur i bhfeidhm clásail neamhiomaíochta sa chonradh agus a íocfar amach i dtréimhsí amach anseo suas le méid an luach saothair sheasta a bheadh íoctha don tréimhse neamhiomaíochta, dá mbeadh baill foirne fós fostaithe.
- c. scaoilíocaíochtaí faoi mhír 161, nach gcomhlíonann an coinníoll i bpointe (i) de mhír 166(b), i gcás gur léirigh an gnólacht infheistíochta na cúiseanna agus oiriúnacht mhéid na scaoilíocaíochta don údarás inniúil.

9.3.1 Íocaíochtaí eile i ndiaidh dheireadh an chonartha

167. Níor cheart íocaíochtaí luach saothair rialta a bhaineann le fad na tréimhse fógra a mheas mar scaoilíocaíochtaí. Ní cheart go mbeadh suim sheasta iomchuí a íoc i ndiaidh deireadh rialta conartha fostaíochta (i.e. i ndiaidh deireadh rialta leis an gconradh fostaíochta nó i ndiaidh do bhaill foirne é a chur ar ceal de réir na dtréimhsí fógra is infheidhme) agus baill foirne a chúiteamh i gcás go gcuireann an gnólacht infheistíochta srian le glacadh le gníomhaíocht cheirde, faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le luach saothair inathraithe, i gcás go dtagann sé sin leis an dlí náisiúnta. Níor cheart íocaíochtaí dá leithéid a dhéanamh in ionad scaoilíocaíochtaí faoi mhír 161.
168. Níor cheart déileáil le híocaíochtaí breise i gcomhthéacs dheireadh rialta tréimhse conarthaí nó ceapacháin mar chomhalta den chomhlacht bainistíochta, e.g. sochar pinsin lánroghnach a dámhadh, mar scaoilíocaíochtaí. I gcás gur luach saothair inathraithe iad comhpháirteanna dá leithéid agus go n-íoctar iad le baill foirne shainaitheanta, beidh siad faoi réir na gceanglas sonrathach go léir maidir le luach saothair inathraithe agus na forálacha sna treoirlínte seo.

10 Toirmisc

10.1 Fálú pearsanta

169. I gcás go bhfuil beartas luach saothair iomchuí ailínithe le rioscaí, ba cheart go mbeadh sé éifeachtach go leor agus go mbeifí ábalta i ngníomh coigeartú anuas a dhéanamh leis ar mhéid an luach saothair inathraithe arna dhámhadh ar na baill foirne agus go gcuirfí i bhfeidhm na socruithe malus agus aisghlámtha.
170. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú, a mhéid is féidir, nach mbeidh baill foirne shainaitheanta ábalta na rioscaí a bhaineann le luach saothair inathraithe a aistriú chuig páirtí eile trí fhálú nó trí chineálacha áirithe árachais, e.g. trí bheartais a chur i bhfeidhm chun déileáil le hionstraimí airgeadais agus ceanglais maidir le nochtadh.
171. Ba cheart a mheas go bhfuil an riosca maidir le coigeartú anuas ar luach saothair fálaithe ag na baill foirne shainaitheanta má dhéanann an ball foirne sainaitheanta Conradh le tríú páirtí nó leis an ngnólacht infheistíochta agus má chomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
- ceanglaítear leis an gconradh ar an tríú páirtí nó ar an ngnólacht infheistíochta íocaíochtaí a dhéanamh go díreach nó go hindíreach leis an mball foirne sainaitheanta atá nasctha leis na méideanna lena laghdáíodh luach saothair athraithe an bhaill foirne nó atá ar comhréir leo;
 - ceannaíonn nó sealbhaíonn an ball foirne sainaitheanta díorthaigh atá ceaptha chun cailleanais a bhaineann le hionstraimí airgeadais a fhaightear mar chuid den luach saothair inathraithe a fhálú.
172. Ba cheart a mheas go bhfuil an riosca a bhaineann le coigeartú anuas árachaithe ag baill foirne shainaitheanta i gcás go ndéanann baill foirne Conradh árachais lena mbaineann coinníoll go ndéanfaí iad a chúiteamh i gcás coigeartú anuas ar an luach saothair. Go ginearálta níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar árachas a fháil chun íocaíochtaí pearsanta amhail cúram sláinte agus tráthchodanna morgáiste a chlúdach.
173. Ba cheart go mbeadh an ceanglas i bhfeidhm gan straitéisí fálaithe pearsanta nó árachas a úsáid chun an bonn a bhaint de na héifeachtaí ailínithe riosca atá leabaithe ina socruithe luach saothair maidir le luach saothair inathraithe iarchurtha agus coinnithe.
174. Ba cheart go gcoinneodh gnólachtaí infheistíochta socruithe éifeachtacha lena chinntiú go gcomhlíonann an ball foirne sainaitheanta forálacha na coda seo. Is gá ar a laghad dearbhú féintiomantais a fháil ón mball foirne sainaitheanta go staonfaidh sé nó sí ó straitéisí fálaithe pearsanta nó ó árachais a thabhairt i gcrích chun an bonn a bhaint de na héifeachtaí ailínithe riosca. Nuair is infheidhme, ba cheart go ndéanfaidh feidhmeanna acmhainní daonna nó rialaithe inmheánaigh gnólachtaí infheistíochta, ar a laghad, cigireacht ar an láthair ar chomhlíonadh an dearbhaithe seo maidir leis na cuntais seirbhísí cumhdaigh inmheánach. Ba

cheart go n-áireofaí ar a laghad i seiceálacha randamacha den sórt sin cuntais seirbhísí cumhdaigh inmheánacha na mball foirne sainaitheanta. Ba cheart fógra a thabhairt don ghnólacht infheistíochta faoi aon chuntais seirbhísí cumhdaigh lasmuigh den ghnólacht infheistíochta éigeantach freisin.

10.2 Sárú

175. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú nach n-íocfar luach saothair inathraithe trí bhealaí nó trí mhodhanna a bhfuil neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le luach saothair agus forálacha na dtreoirlínte seo le haghaidh baill foirne shainaitheanta nó, i gcás go gcuirtear ceanglais dá leithéid i bhfeidhm ar na baill foirne ar fad, ceanglais luach saothair do na baill foirne ar fad mar aidhm leo nó go bhféadfadh an neamhchomhlíonadh sin a bheith mar thoradh orthu go bunúsach. Áirítear leis sin socruithe idir an ghnólacht infheistíochta agus tríú páirtithe i gcás go bhfuil leas airgeadais nó leas pearsanta ag an mball foirne.
176. Is ionann ‘sárú’ agus neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le luach saothair agus tarlaíonn sé mura bhfuil sprioc agus cuspóir na gceanglas á gcomhlíonadh ag gnólacht infheistíochta nuair a chuirtear san áireamh le chéile iad, agus go gcomhlíonann an gnólacht infheistíochta foclaíocht na gceanglas maidir le luach saothair aonair go foirmiúil.
177. Tarlaíonn sárú sna cúinsí seo a leanas, i measc nithe eile:
- a. i gcás go meastar gur luach saothair seasta é luach saothair inathraithe i gcomhréir le foclaíocht na dtreoirlínte seo, ach ní i comhréir lena chuspóirí;
 - b. i gcás go ndámhtar nó go ndílsítear luach saothair inathraithe seachas luach saothair inathraithe ráthaithe, in ainneoin, go bunúsach:
 - i. níor tomhaiseadh aon fheidhmíocht dhearfach maidir leis an mball foirne, leis an aonad gnó nó leis an ngnólacht infheistíochta i gcomhréir le Teideal IV de na treoirlínte seo;
 - ii. níl aon ailíniú riosca éifeachtach (i.e. coigeartú riosca ex ante nó ex post); nó
 - iii. níl an luach saothair inathraithe inbhuanaithe de réir staid airgeadais an ghnólachta infheistíochta;
 - c. i gcás go bhfaigheann na baill foirne íocaíochtaí ón ngnólacht infheistíochta nó ó eintiteas laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe nach dtagann faoin sainmhíniú ar luach saothair, ach ar bealaí nó modhanna pá iad ina bhfuil dreasacht le haghaidh glacadh riosca nó lena soláthraítear torthaí díréireacha ar infheistíochtaí ar ionstraimí an ghnólachta atá an-difriúil leis na coinníollacha maidir le hinfeisteoirí eile a dhéanadh infheistíocht ar bhealach den sórt sin;

- d. i gcás go bhfaigheann na baill foirne íocaíochtaí ón ngnólacht infheistíochta nó ó eintiteas laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe nach dtagann faoin sainmhíniú ar luach saothair, ach ar bealaí nó modhanna pá iad chun ceanglais maidir le luach saothair a shárú;
- e. i gcás go ndámhtar comhpháirteanna luach saothair sheasta mar líon seasta ionstraimí agus ní mar mhéid seasta;
- f. i gcás go ndámhtar luach saothair in ionstraimí ar bhaill foirne nó go bhfuil siad ábalta ionstraimí a cheannach nach bhfuil praghsáilte ar an margadhluach nó ar an luach cóir i gcás ionstraimí neamhliostaithe agus nach gcuirtear an luach breise a fhaightear san áireamh sa luach saothair inathraithe;
- g. i gcás go ndéantar coigeartuithe ar chomhpháirteanna luach saothair sheasta a chaibidlíú go minic agus go ndéantar coigeartuithe iarbhír chun an luach saothair a ailíniú le feidhmíocht na mball foirne;
- h. i gcás go ndámhtar liúntais ag méid iomarcach nach bhfuil údar maith leis do na cúinsí bunúsacha;
- i. i gcás go ndéantar luach saothair a lipéadú mar íocaíocht i leith luathscoir agus nach gcuirtear san áireamh é mar luach saothair inathraithe, i gcás go bhfuil tréith pá scoir leis an íocaíocht i ndáiríre, toisc go ndéantar í i gcomhthéacs luathfhoirceannadh an chonartha, nó i gcás nach dtéann an ball foirne ar scor i ndiaidh an dámhachtain sin a dhéanamh nó i gcás nach ndeonaítear na híocaíochtaí ar bhonn míosúil;
- j. aon bhearta a mbeadh de thoradh orthu nach mbeadh an beartas luach saothair neodrach ó thaobh inscne de a thuilleadh.

178. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go bhfuil rialuithe iomchuí leis an modh chun an fheidhmíocht a thomhas lena áirithiú nach féidir na critéir dhámhachtana a mhí-ionramháil. I gcás nach bhfuil rialuithe dá leithéid i bhfeidhm, ní bheidh an luach saothair inathraithe nasctha go hiomchuí leis an bhfeidhmíocht agus ní chuirfear an beartas luach saothair i bhfeidhm go hiomchuí agus d'fhéadfadh sárú ar cheanglais rialála a bheith mar thoradh ar aon íocaíocht ar luach saothair inathraithe. Áirítear ar ionramhálacha féideartha, mar shampla, cinntí cúirtéise sa phróiseas déthaobhach um thomhas feidhmíochta, e.g. i gcás nach bhfuil aon chaighdeáin oibiachtúla ann don phróiseas cinnteoireachta maidir le baint amach spriocanna na mball foirne.

179. Níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta cúiteamh a sholáthar as aon laghdú nó athstruchtúrú ar luach saothair inathraithe, e.g. a dhéantar i gcomhthéacs beart téarnaimh agus réitigh nó idirghabháil eisceachtúil eile ag an rialtas, i mblianta ina dhiaidh sin nó trí bhíthin íocaíochtaí, bealaí nó modhanna eile.

180. Níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta struchtúir ghrúpa nó eintitis amach ón gcósta nó conarthaí a chruthú le daoine a ghníomhaíonn thar ceann an ghnólachta infheistíochta chun toradh an phróisis sainaitheantais a mhí-ionramháil agus chun teacht timpeall ar chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le luach saothair agus fhorálacha na dtreoirlínte seo maidir leis na baill foirne ar cheart feidhm a bheith ag na ceanglais agus na forálacha sin maidir leo seachas sin.
181. I gcás go n-úsáideann gnólachtaí infheistíochta conarthaí gearrthéarmacha (e.g. bliain amháin) agus go n-athnuaitear iad ar bhonn rialta, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfuil conarthaí dá leithéid ina mbealach nó ina modh chun dul timpeall ar cheanglais maidir le luach saothair Threoir (AE) 2019/2034, e.g. toisc go gcruthódh siad go deimhin luach saothair inathraithe, agus go ndéanfadh siad bearta iomchuí lena áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí infheistíochta ceanglais Airteagal 30 agus Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034.
182. I gcás gur luach saothair seasta é an luach saothair i gcomhréir leis na treoirlínte i gcuid 7, ach go n-íoctar é in ionstraimí, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla a mheas an ndéantar leis na hionstraimí a úsáidtear comhpháirt sheasta an luach saothair a athrú go comhpháirt inathraithe luach saothair, mar nasc chuig feidhmíocht an ghnólachta infheistíochta bunaithe. Níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta ionstraimí airgeadais a úsáid mar chuid den luach saothair seasta chun ceanglais maidir le luach saothair inathraithe a shárú agus níor cheart go gcuirfí dreasachtaí ar fáil le haghaidh glacadh iomarcach riosca leis na hionstraimí a úsáidtear.

Teideal III – Luach saothair maidir le feidhmeanna sonracha

11. Luach saothair chomhaltaí fheidhm bhainistíochta agus fheidhm mhaoirseachta an chomhlachta bhainistíochta

183. Ba cheart go mbeadh luach saothair chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta, ina fheidhm bhainistíochta, ('feidhm bhainistíochta' anseo feasta) i gcomhréir lena gcumhachtaí, lena gcúraimí, lena saineolas agus lena bhfreagrachtaí.
184. Chun aghaidh a thabhairt i gceart ar choinbhleachtaí leasa agus gan dochar do mhíreanna 185 agus 186, níor cheart comhaltaí na feidhme maoirseachta a chúiteamh as an ról seo ach amháin le luach saothair seasta. Níor cheart sásraí atá bunaithe ar fheidhmíocht an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh. Meastar gur luach saothair seasta iad aisíocaíocht costas le comhaltaí na feidhme maoirseachta agus íocaíocht méid sheasta as uaireanta nó laethanta oibre, fiú mura bhfuil an t-am le haisíoc a dhéanamh réamhshainithe.
185. I gcás go ndámhtar luach saothair inathraithe ar an bhfeidhm mhaoirseachta i gcásanna eisceachtúla, ba cheart an luach saothair inathraithe agus an t-ailíniú riosca a shaincheapadh go docht do na cúraimí maoirseachta, faireacháin agus rialaithe sannta, ag teacht le húdaráis

agus freagrachtaí an duine aonair agus baint amach na gcuispóirí a bhaineann lena bhfeidhmeanna.

186. I gcás go ndámhtar luach saothair inathraithe in ionstraimí, ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun neamhspleáchas bhreithiúnas na gcomhaltaí sin den chomhlacht bainistíochta a chaomhnú, lena n-áirítear tréimhsí coinneála a shocrú go dtí deireadh an tsainordaithe.

12 Luach saothair maidir le feidhmeanna rialaithe

187. Ba cheart go mbeadh acmhainní leordhóthanacha, eolas agus taithí leordhóthanach ag na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh lena gcúraimí maidir le beartas luach saothair an ghnólachta infheistíochta a chomhlíonadh. Ba cheart go gcomhoibreodh na feidhmeanna rialaithe go gníomhach agus go rialta lena chéile agus le feidhmeanna agus coistí ábhartha eile maidir leis an mbeartas luach saothair agus na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as beartais luach saothair.
188. Leis an luach saothair i gcomhair na mball foirne sna feidhmeanna rialaithe ba cheart go mbeadh an gnólacht infheistíochta ábalta pearsanra cáilithe ag a bhfuil taithí a fhostú sna feidhmeanna sin. Ba cheart luach saothair na bhfeidhmeanna rialaithe a shocrú go príomha chun teacht le cineál a bhfreagrachtaí.
189. Níor cheart go ndéanfaí dochar d'oibiachtúlacht agus neamhspleáchas na foirne leis na modhanna a úsáidtear chun luach saothair inathraithe na bhfeidhmeanna rialaithe a chinneadh, i.e. an fheidhm bhainistíochta riosca, an fheidhm um chomhlíonadh agus an fheidhm iniúchta inmheánaigh.

Teideal IV – Beartas luach saothair, dámhachtain agus íocaíocht amach luach saothair inathraithe do bhaill foirne aitheanta

13. Beartas luach saothair le haghaidh baill foirne shainaitheanta

190. Ní mór do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go gcomhlíonann an beartas luach saothair do bhaill foirne shainaitheanta na prionsabail uile atá leagtha amach in Airteagal 30 agus in Airteagal 32 agus, nuair is infheidhme, in Airteagal 31 de Threoir (AE) 2019/2034 agus go bhfuil sé neodrach ó thaobh inscne de.
191. Ba cheart an cóimheas iomchuí idir comhpháirteanna an luach saothair inathraithe agus an luach saothair sheasta do bhaill foirne shainaitheanta a shocrú go neamhspleách ar aon choigeartuithe riosca ex post a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo nó ar aon luaineacht i bpraghas na n-ionstraimí.
192. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, le haghaidh catagóirí éagsúla ball foirne sainaitheanta, beartais shonracha luach saothair agus sásraí ailínithe riosca a chur chun feidhme de réir mar is iomchuí lena áirithiú go mbeidh tionchar na catagóire ball foirne

sainaitheanta ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta ag teacht go hiomchuí lena luach saothair.

193. I gcás go measann gnólachtaí infheistíochta níos lú ná 100% den chomhpháirt sheasta den luach saothair a íoc in airgead tirim, ba cheart go mbeadh an cinneadh sin réasúnaithe agus faofa mar chuid den bheartas luach saothair.
194. I gcás go gcuireann gnólacht infheistíochta, i bhfoirm dhlíthiúil corparáid stoic agus go sonrach gnólacht infheistíochta liostaithe, ceanglas scairsheibhe i bhfeidhm ar roinnt catagóirí ball foirne sainaitheanta chun na dreasachtaí a chuirtear ar fáil do bhaill foirne le próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta san fhadtárma a ailíniú ar bhealach níos fearr, ba cheart an méid a thaifeadh go soiléir i mbeartais an ghnólachta infheistíochta. Nuair a chuirtear ceanglas scairsheibhe i bhfeidhm, ba cheart go mbeadh líon áirithe scaireanna nó méid ainmniúil scaireanna ag na baill foirne fad is atá siad fostaithe sa phost céanna nó i bpost de shinsearachacht chomhionann nó níos airde.

13.1 Beartas iomlán solúbtha maidir le luach saothair inathraithe

195. Ní mór do ghnólachtaí infheistíochta beartas iomlán solúbtha a bheith acu maidir le luach saothair inathraithe dá mbaill foirne, lena n-áirítear baill foirne shainaitheanta, i gcomhréir le hAirteagal 30(1)(k) de Threoir (AE) 2019/2034. Ba cheart go bhfreagródh méid an luacha saothair inathraithe a dhámhtar go hiomchuí d'athruithe ar fheidhmíocht an bhaill foirne, an aonaid ghnó agus an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta a shonrú conas a fhreagraíonn an luach saothair inathraithe d'athruithe feidhmíochta agus na leibhéil feidhmíochta. Ba cheart go n-áireofaí leis sin leibhéil feidhmíochta nuair a laghdaítear luach saothair inathraithe go nialas. Ba cheart go dtiocfadh laghdú suntasach ar luach saothair inathraithe an bhaill foirne as iompar neamheitiúil nó neamhchomhlíontach.
196. Caithfidh méid an luach saothair sheasta a bheith ard go leor lena áirithiú go bhféadfaí an luach saothair inathraithe a laghdú go nialas. Níor cheart go mbeadh baill foirne ag brath ar dhámhachtain luach saothair inathraithe mar go bhféadfadh sé sin dreasachtaí a chruthú le haghaidh riosca iomarcach gearrthéarmach a ghlacadh, lena n-áirítear mídhíol táirgí, i gcás mura mbeadh glacadh riosca gearrthéarmach den sórt sin ann nach n-éascófaí feidhmíocht an ghnólachta infheistíochta nó an bhaill foirne luach saothair inathraithe a dhámhachtain.
197. Níor cheart go ndéanfaí dochar le híocaíocht luach saothair sheasta in ionstraimí, más ann dó, do chumas an ghnólachta infheistíochta beartas iomlán solúbtha a chur i bhfeidhm maidir le luach saothair inathraithe.

13.2 Cóimheas idir luach saothair seasta agus luach saothair inathraithe

198. Agus comhpháirteanna seasta luach saothair á socrú do bhaill foirne faoi Airteagal 30(1), ba cheart don ghnólacht infheistíochta iad a shocrú ar leibhéal lena n-éascófaí beartas iomlán solúbtha maidir le luach saothair inathraithe do na baill foirne ar fad. Chuige sin ba cheart go leagfaí amach leis an mbeartas luach saothair cóimheas iomchuí idir comhpháirteanna inathraithe agus comhpháirteanna seasta an luach saothair iomláin.
199. Is é an cóimheas a shocraítear an cóimheas idir comhpháirt inathraithe an luach saothair a d'fhéadfaí a dhámhachtain mar uasmhéid don tréimhse feidhmíochta ina dhiaidh sin agus comhpháirt sheasta luach saothair na tréimhse feidhmíochta ina dhiaidh sin. Ba cheart go gcuimseofaí sna cóimheasa uasta is incheadaithe leibhéil íocaíochtaí amach a chlúdódh feidhmíocht 'os cionn na sprice' nó feidhmíocht eisceachtúil agus níor cheart go léireodh siad ach feidhmíocht 'de réir sprice' nó feidhmíocht ionchais. Ba cheart go n-ardófaí an cóimheas éifeachtach idir an luach saothair inathraithe a dhámhtar agus an luach saothair seasta de réir na feidhmíochta a baineadh amach.
200. Agus an cóimheas á shocrú, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a ngníomhaíochtaí gnó, rioscaí agus tionchar na mball foirne nó na gcatagóirí ball foirne ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé a chur san áireamh chomh maith leis na dreasachtaí do na baill foirne gníomhú ar mhaithe leis an ngnólachta infheistíochta agus an gá le solúbthacht costais a choinneáil i bhfianaise athruithe ar bhrabúis agus ar chaillteanais le himeacht ama.
201. Agus an cóimheas á shocrú acu, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh go bhféadfadh éifeacht dhearfach a bheith le comhpháirt inathraithe atá nasctha le feidhmíocht ar 'chomhroinnt riosca' agus iompar stuama glactha riosca a dhreasú i gcomhréir le hinghlacthacht riosca na ngnólachtaí infheistíochta, agus d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith le comhpháirt inathraithe atá cothromaithe go míchuí, faoi chúinsí áirithe. Dá airde an luach saothair inathraithe féideartha i gcomparáid leis an luach saothair seasta, is ea is láidre a bheidh an dreasacht an fheidhmíocht riachtanach a bhaint amach, agus is ea is mó a d'fhéadfadh na rioscaí a bhaineann leis a bheith. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh go bhféadfadh na baill foirne dul i dtaithe ar luach saothair inathraithe suntasach a fháil agus a bheith ag súil lena fháil. Má tá an chomhpháirt sheasta ró-íseal i gcomparáid leis an luach saothair inathraithe, d'fhéadfadh sé a bheith deacair do ghnólacht infheistíochta luach saothair inathraithe a laghdú nó deireadh a chur leis i mbliain lag airgeadais.
202. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta cóimheasa éagsúla a shocrú le haghaidh dlínsí éagsúla, aonaid ghnó éagsúla, feidhmeanna rialaithe corparáidí agus inmheánacha éagsúla agus catagóirí éagsúla ball foirne, e.g. baill foirne shainitheanta, baill foirne gan aithint atá freagrach as sócmhainní a bhainistiú, baill foirne díolacháin, baill foirne i bhfeidhmeanna rialaithe nó baill foirne laistigh d'fheidhmeanna riaracháin. I gcásanna eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe, féadfar foráil a dhéanamh sa bheartas luach saothair do chóimheas éagsúil do bhaill foirne

onair shainaitheanta a bhaineann le catagóir áirithe ball foirne i gcomparáid le baill foirne eile sa chatagóir céanna ball foirne.

203. Ba cheart an t-uaschóimheas a ríomh mar shuim chomhpháirteanna inathraithe uile an luach saothair a d'fhéadfaí a dhámhachtain mar uasmhéid i mbliain feidhmíochta ar leith, lena n-áirítear an méid atá le cur san áireamh don bhónas coinneála, arna roinnt ar shuim chomhpháirteanna seasta uile an luach saothair a bheidh le dámhachtain i ndáil leis an mbliain feidhmíochta chéanna. In aon chás, ba cheart comhpháirteanna uile an luach saothair a leithdháileadh i gceart ar luach saothair inathraithe nó seasta i gcomhréir leis na treoirlínte seo. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta cuid de chomhpháirteanna seasta an luach saothair a fhágáil ar lár i gcás go bhfuil siad neamhábhartha, e.g. i gcás ina ndámhtar sochair neamhairgeadaíochta comhréireacha.
204. Ba cheart an cóimheas éifeachtach a ríomh mar shuim chomhpháirteanna inathraithe uile an luach saothair a dámhadh don bhliain feidhmíochta deiridh mar atá leagtha amach sna treoirlínte seo, lena n-áirítear méideanna arna ndámhachtain do thréimhsí fabhraithe ilbhliantúla, arna roinnt ar shuim chomhpháirteanna seasta an luach saothair arna ndámhachtain don bhliain feidhmíochta chéanna. Le haghaidh tréimhsí fabhraithe ilbhliantúla nach n-imrothlaítear gach bliain, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta, mar mhalairt air sin, uasmhéid an luach saothair inathraithe is féidir a dhámhachtain ag deireadh na tréimhse feidhmíochta arna roinnt ar líon bhlianta na tréimhse feidhmíochta a chur san áireamh i ngach bliain den tréimhse feidhmíochta.
205. Ní fhéadfaidh gnólachtaí infheistíochta méid an luach saothair inathraithe ráthaithe a dhámhfar a fhéadfar a dhámhachtain mar bhónas clárúcháin ar bhaill foirne nua a chur san áireamh agus an cóimheas idir comhpháirteanna inathraithe agus comhpháirteanna seasta an luach saothair iomláin don chéad tréimhse feidhmíochta á ríomh agus iad á chinneadh an gcomhlíonann siad an cóimheas atá leagtha síos laistigh dá mbeartas luach saothair.
206. Ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta ábalta an réasúnaíocht leis na cóimheasa uasta a shocraítear idir comhpháirteanna an luach saothair inathraithe agus an luach saothair sheasta a mhíniú trína mbeartas luach saothair agus conas a d'athródh na cóimheasa iarbhir i gcomparáid leis an gcóimheas uasta ag brath ar riosca agus táscairí feidhmíochta.

14. Próiseas ailínithe riosca

207. Áirítear leis an bpróiseas ailínithe riosca an próiseas feidhmíochta agus tomhais riosca (cuid 14.1); an próiseas dámhachtana (cuid 14.2); agus an próiseas íocaíochta amach (cuid 15). Ag gach céim den phróiseas ailínithe riosca, ba cheart an luach saothair inathraithe a choigeartú le haghaidh gach riosca reatha a ghlahtar agus gach riosca a ghlacfar amach anseo. Ba cheart do ghnólacht infheistíochta a áirithiú go ndéanfar dreasachtaí chun rioscaí a ghlacadh a chothromú le dreasachtaí chun riosca a bhainistiú.

208. Ba cheart do ghnólacht infheistíochta an teorainn ama a bhaineann leis an tomhas riosca agus feidhmíochta a ailíniú lena thimthriall gnó i gcreat ilbhliantúil. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an tréimhse fabhraithe agus na tréimhsí íocaíochta amach le haghaidh luach saothair a shocrú ar fhad iomchuí, agus idirdhealú á dhéanamh idir luach saothair ba cheart a íoc láithreach agus luach saothair ba cheart a íoc i ndiaidh tréimhsí iarchurtha agus coinneála. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sna tréimhsí fabhraithe agus íocaíochta amach an ghníomhaíocht ghnó agus post na catagóire ball foirne sainaitheanta nó i gcásanna eisceachtúla ball foirne sainaitheanta amháin.
209. Laistigh den phróiseas ailínithe riosca, ba cheart teaghlaim iomchuí de chritéir chainníochtúla agus cháilíochtúla i bhfoirm critéar absalóideach agus critéar coibhneasta a úsáid ag gach céim lena áirithiú go léireofar gach riosca, feidhmíocht agus coigeartú riosca riachtanach. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta bearta feidhmíochta iomlána a shocrú ar bhonn a straitéise féin, lena n-áirítear a phróifíl riosca agus a inghlacthacht riosca. Ba cheart bearta feidhmíochta coibhneasta a shocrú chun feidhmíocht a chur i gcomparáid le piaraí, bíodh sé 'inmheánach' (i.e. laistigh den eagraíocht) nó 'seachtrach' (i.e. gnólachtaí infheistíochta comhchosúla). Ba cheart go mbeadh critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla agus na próisis fheidhmithe chomh trédhearcach agus chomh réamhshainithe agus is féidir. Féadfaidh critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla araon brath go páirteach ar bhreithiúnas.
210. I gcás ina n-úsáidtear cuir chuige bhreithiúnacha, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus oibiachtúlachta a áirithiú nuair a dhéantar na breithiúnais trí:
- a. beartas soiléir i scríbhinn a leagan amach ina leagtar amach na paraiméadair agus na príomhchúinsí ar a mbeidh an breithiúnas bunaithe;
 - b. doiciméid shoiléire iomlána a sholáthar maidir leis an gcinneadh deiridh maidir le tomhas riosca agus feidhmíochta nó coigeartuithe riosca arna gcur i bhfeidhm;
 - c. feidhmeanna rialaithe ábhartha a bheith ag baint leo;
 - d. breithniú ar dhreasachtaí pearsanta na mball foirne a dhéanann an breithiúnas agus aon choinbhleachtaí leasa;
 - e. seiceálacha agus cothromaíocht chúil a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, mar shampla, coigeartuithe dá leithéid a dhéanamh laistigh de phainéal ina mbeidh baill foirne ó aonaid ghnó, feidhmeanna corparáideacha agus rialaithe, etc. páirteach;
 - f. an measúnú a dhéanann feidhm rialaithe nó a dhéantar ar leibhéal ordlathach cuí os cionn na feidhme a dhéanann an measúnú a fhaomhadh, e.g. ag an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta nó mhaoirseachta nó ag an gcoiste luach saothair.

211. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an próiseas ailínithe riosca a dhéanamh trédhearcach do na baill foirne shainaitheanta, lena n-áirítear aon ghnéithe atá bunaithe ar bhreithiúnas seachas ar fhórais nó ar shonraí oibiachtúla.
212. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta faisnéis mhionsonraithe a sholáthar don choiste luach saothair nó don fheidhm mhaoirseachta más rud é go bhfuil difríocht shuntasach idir an toradh deiridh i ndiaidh bearta breithiúnais a chur i bhfeidhm agus an toradh tosaigh ag baint úsáid as bearta réamhshainithe.

14.1 Próiseas tomhais feidhmíochta agus riosca

213. Ba cheart luach saothair inathraithe na mball foirne sainaitheanta a ailíniú le gach riosca agus feidhmíocht an ghnólachta infheistíochta, an aonaid ghnó agus an duine aonair. Ba cheart tábhacht choibhneasta gach leibhéal de na critéir feidhmíochta a chinneadh roimh ré sna beartais luach saothair agus a bheith cothromaithe go himleor chun cuspóirí ar gach leibhéal, post nó freagrachtaí an bhaill foirne, an aonaid ghnó ina bhfuil sé nó sí gníomhach agus rioscaí reatha agus rioscaí amach anseo a chur san áireamh.

14.1.1 Measúnuithe riosca

214. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta cuspóirí an ghnólachta infheistíochta, na n-aonad gnó agus na mball foirne a shainiú. Ba cheart na cuspóirí sin a fháil óna straitéis ghnó agus riosca, luachanna corparáideacha, inghlacthacht riosca agus leasanna fadtéarmacha agus aird a thabhairt freisin ar chostas caipitil agus leachtacht an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart do na gnólachtaí infheistíochta measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach ag aonaid ghnó an ghnólachta infheistíochta agus na mball foirne sainaitheanta le linn na tréimhse fabhráithe i gcomparáid lena gcuspóirí.
215. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta gach riosca reatha agus gach riosca amach anseo a chur san áireamh, bídís ar an gclár comhardaithe nó lasmuigh den chlár comhardaithe, á n-idirdhealú idir rioscaí atá ábhartha do ghnólacht infheistíochta, d'aonaid ghnó agus do dhaoine aonair. Cé go gclúdaíonn gnólachtaí infheistíochta gach cineál riosca ar an leibhéal ar fud an ghnólachta infheistíochta, ar leibhéal na mball foirne sainaitheanta aonair nó ar leibhéal na n-aonad gnó, de ghnáth, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach cineálacha áirithe riosca ábhartha.
216. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta bearta a úsáid freisin chun luach saothair a ailíniú ó thaobh riosca de i gcás ina bhfuil sé deacair an neamhchosaint ar riosca a chainníochtú go beacht, amhail riosca clú agus oibriúcháin. I gcásanna den sórt sin ba cheart go mbeadh an measúnú riosca bunaithe ar sheachvótálaithe oiriúnacha, lena n-áirítear táscairí riosca, ceanglais chaipitil nó anailís cásanna.
217. Chun gach riosca ábhartha ar leibhéal an ghnólachta infheistíochta agus na n-aonad gnó a chur san áireamh go coimeádach, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na modhanna tomhais riosca céanna a úsáid agus a úsáidtear chun riosca inmheánach a thomhas, e.g. laistigh

den próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil (ICAAP). Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta cailteanais ionchasacha agus cailteanais gan choinne agus dálaí struis a chur san áireamh.

218. Ba cheart go mbeadh na gnólachtaí infheistíochta ábalta a léiriú don údarás inniúil conas a dhéantar na ríomhanna riosca a mhiondealú de réir na n-aonad gnó agus de réir cineálacha éagsúla rioscaí. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta méid agus cáilíocht na modhanna agus na samhlacha a úsáidtear laistigh den ICAAP a léiriú ar bhealach comhréireach sa bheartas luach saothair.

Critéir um 14.1.2 feidhmíocht atá riosca-íogair

219. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla, lena n-áirítear airgeadais agus neamhairgeadais, a shocrú agus a thaifeadh do dhaoine aonair, d'aonaid gnó agus don ghnólacht infheistíochta. Níor cheart go spreagfaí an iomarca glacadh riosca nó mídhíol táirgí leis na critéir feidhmíochta.
220. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta cothromaíocht chúil a úsáid idir critéir chainníochtúla agus critéir cháilíochtúla chomh maith le critéir absalóideacha agus critéir choibhneasta.
221. Ba cheart go mbeadh na critéir a úsáidtear chun riosca agus feidhmíocht a thomhas nasctha a mhéid is féidir leis na cinntí a dhéanfaidh an ball foirne sainaitheanta agus an chatagóir ball foirne atá faoi réir an mheasúnaithe feidhmíochta agus ba cheart a áirithiú go mbeidh tionchar cuí ag an bpróiseas dámhachtana ar iompar na foirne.
222. Ba cheart go gcuimseofaí i gcritéir feidhmíochta cuspóirí agus bearta indéanta a mbeidh tionchar díreach éigin ag an mball foirne sainaitheanta orthu. Agus feidhmíocht á meas, ba cheart na torthaí a baineadh amach go héifeachtach a thomhas.
223. Ba cheart go gcumhdófaí i gcritéir chainníochtúla tréimhse atá fada go leor chun an riosca a ghlac na baill foirne shainaitheanta, na aonaid gnó agus an gnólacht infheistíochta a ghabháil i gceart agus ba cheart iad a choigeartú de réir riosca agus bearta éifeachtúlachta eacnamaíoch a bheith iontu. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta critéir feidhmíochta a úsáid freisin maidir leis na sócmhainní a bhainistíonn siad. Samplaí de bhearta feidhmíochta cainníochtúla a úsáidtear san earnáil bainistíochta sócmhainní a chomhlíonann na forálacha thuasluaite ná an ráta toraidh inmheánach (IRR), tuilleamh roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchadh (EBITDA), Cóimheas Alfa, aischuir absalóideacha agus choibhneasta, Cóimheas Sharpe agus sócmhainní a ardaíodh.
224. Ní chuimsítear i dtáscairí éifeachtúlachta oibriúcháin (e.g. brabúis, ioncaim, táirgiúlacht, costais agus méadracht toirte) nó i roinnt critéir mhargaidh (e.g. praghas scaire agus toradh iomlán scairshealbhóirí) coigeartú sainráite riosca agus tá siad téarma an-ghearr leo agus dá

réir sin ní leor iad chun gach riosca a bhainfeadh gníomhaíochtaí an bhaill foirne sainaitheanta a ghabháil. Teastaíonn coigeartuithe riosca breise i leith na gcritéir feidhmíochta sin.

225. Ba cheart go mbeadh critéir cháilíochtúla (amhail torthaí a bhaint amach, comhlíonadh straitéise laistigh den inghlacthacht riosca agus cuntas teiste comhlíonta) ábhartha ar leibhéal gnólachta infheistíochta, aonaid gnó nó duine aonair. Is samplaí de chritéir cháilíochtúla iad spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, sásamh an chustaiméara, cloí le beartas bainistíochta riosca, comhlíonadh rialacha inmheánacha agus seachtracha, ceannaireacht, obair foirne, cruthaitheacht, spreagadh agus comhoibriú le haonaid ghnó eile, rialú inmheánach agus feidhmeanna corparáideacha.

14.1.3 Critéir shonracha maidir le feidhmeanna rialaithe

226. I gcás go bhfaigheann baill foirne feidhmeanna rialaithe luach saothair inathraithe, ba cheart é a mheas agus an chuid inathraithe den luach saothair a chinneadh ar leithligh ó na haonaid ghnó a rialaíonn siad, lena n-áirítear an fheidhmíocht a thagann as cinntí gnó (e.g. faomhadh táirgí nua) i gcás go bhfuil an fheidhm rialaithe bainteach leis.

227. Ba cheart go mbeadh na critéir a úsáidtear chun feidhmíocht agus rioscaí a mheasúnú bunaithe go príomha ar chuspóirí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh. Ba cheart go leanfadh luach saothair inathraithe le haghaidh feidhmeanna rialaithe cuspóirí rialaithe go príomha. D'fhéadfadh sé go mbeadh a luach saothair inathraithe bunaithe go pointe áirithe ar fheidhmíocht an ghnólachta infheistíochta ina iomláine. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta breathnú ar chóimheas suntasach níos ísle a shocrú idir comhpháirteanna inathraithe an luach saothair agus comhpháirteanna seasta an luach saothair le haghaidh feidhmeanna rialaithe i gcomparáid leis na haonaid ghnó a rialaíonn siad.

228. Má tá ceann na feidhme bainistíochta riosca (Príomhoifigeach Riosca nó CRO), i gcás go bhfuil sé curtha ar bun, ina chomhalta den chomhlacht bainistíochta chomh maith, ba cheart go mbeadh feidhm ag na príonsabail atá leagtha amach i míreanna 226 agus 227 maidir le luach saothair an CRO freisin.

229. I gcás nach mbunaíonn agus nach gcoimeádann gnólacht infheistíochta feidhm iniúchóireachta nó bainistithe riosca, ba cheart go mbeadh sé ábalta a léiriú arna iarraidh sin air nach ndéantar foráil sna critéir feidhmíochta do bhaill foirne atá i gceannas ar na próisis ghaolmhara i leith dreasachtaí chun na próisis rialaithe a fheidhmiú go míchuí.

14.2 An próiseas dámhachtana

230. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta stór bónais a chur ar bun. Agus stórtha bónais nó dámhachtainí aonair á gcinneadh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na rioscaí reatha, na cailteanais ionchasacha, na cailteanais mheasta gan choinne agus na dálaí struis uile a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh.

231. Ba cheart luach saothair inathraithe a dhámhachtain i ndiaidh dheireadh na tréimhse fabhraithe. Ba cheart bliain amháin ar a laghad i gceist leis an tréimhse fabhraithe. I gcás go n-úsáidtear tréimhsí níos faide, d'fhéadfadh tréimhsí fabhraithe éagsúla a bheith ann ag an am céanna, mar shampla más bliain atá i gceist, tosaíonn tréimhse ilbhliantúil nua gach bliain.
232. I ndiaidh na tréimhse fabhraithe, ba cheart don ghnólacht infheistíochta luach saothair inathraithe na mball foirne sainaitheanta aonair a chinneadh trí na critéir feidhmíochta agus na coigeartuithe riosca a aistriú go dámhachtainí luach saothair iarbhír. Le linn an phróisis dámhachtana sin, ba cheart don ghnólacht infheistíochta luach saothair a choigeartú i ndáil le forbairtí díobhálacha ionchasacha amach anseo ('coigeartú riosca ex ante').

14.2.1 Stórtha bóinas a chur ar bhundo bhail foirne shainaitheanta

233. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta stór bóonais amháin nó níos mó a shainiú don tréimhse dá ndámhtar luach saothair inathraithe agus an stór bóonais foriomlán ar fud an ghnólachta infheistíochta do bhail foirne shainaitheanta a ríomh mar shuim na stórtha bóinas sin. Ba cheart an stór bóonais a nascadh le feidhmíocht gnólachta infheistíochta. Lena chois sin, d'fhéadfadh bail foirne leas a bhaint as íocaíochtaí úis iomchuí tugtha anonn nach bhfuil aon stór bóonais sainithe ina leith.
234. Agus na stórtha bóonais á socrú, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an cóimheas idir comhpháirteanna inathraithe agus seasta an luach saothair iomláin is infheidhme maidir le catagóirí ball foirne sainaitheanta, critéir feidhmíochta agus riosca arna sainiú don ghnólacht infheistíochta foriomlán, cuspóirí rialaithe agus staid airgeadais an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear a bhonn caipitil agus leachtacht a chur san áireamh. Ba cheart táscairí feidhmíochta fadtéarmacha agus na torthaí airgeadais réadaithe a bheith sna táscairí feidhmíochta a úsáidtear chun an stór bóonais a ríomh. Ba cheart úsáid stuama a bhaint as modhanna cuntasaíochta agus luachála lena áirithítear measúnú fíor cothrom maidir leis na torthaí airgeadais, maidir leis an mbonn caipitil agus maidir leis an leachtacht.
235. Níor cheart na stórtha bóinas a chur ar bun ar leibhéal áirithe chun freastal ar éilimh luach saothair.
236. Ba cheart do na gnólachtaí infheistíochta próisis agus rialuithe iomchuí a bheith i bhfeidhm acu agus an stór bóinas foriomlán á chinneadh.
237. I gcás go n-úsáideann gnólachtaí infheistíochta cur chuige ó bharr anuas, ba cheart dóibh méid an stóir bóinas a shocrú ar leibhéal an ghnólachta infheistíochta, a dháiltear go hiomlán nó go páirteach ansin i measc na n-aonad gnó agus na bhfeidhmeanna rialaithe i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht. Ba chóir go mbeadh na dámhachtainí aonair bunaithe ina dhiaidh sin ar an measúnú ar fheidhmíocht an duine aonair.

238. I gcás go gcuireann an ghnólachtaí infheistíochta an stór bónas ar bun i gcur chuige ón mbun aníos, ba cheart go dtosódh an próiseas ar leibhéal an bhaill foirne aonair. Ag brath ar na critéir feidhmíochta faoina ndéantar measúnú ar na baill foirne, ba cheart leithdháileadh stóir bónas a dhéanamh don bhaill foirne; is ionann stór bónas an aonaid ghnó agus an ghnólachta infheistíochta agus suimeanna na ndámhachtainí féideartha a leithdháiltear ar na fo-leibhéil faoi seach. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta a áirithiú go gcuirfear feidhmíocht fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta san áireamh go cuí.
239. Agus an stór bónas á leithdháileadh ar leibhéal an aonaid gnó nó ar leibhéal an bhaill foirne aonair, ba cheart an leithdháileadh a bhunú mar is iomchuí ar fhoirmlí réamhshainithe agus ar chur chuige breithiúnais. Féadfaidh ghnólachtaí infheistíochta scórchártaí nó modhanna iomchuí eile a úsáid chun cuir chuige éagsúla a chomhcheangal.
240. Agus an cur chuige á roghnú acu, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na nithe seo a leanas a chur san áireamh: tá foirmlí níos trédhearcaí agus, dá réir sin, bíonn dreasachtaí soiléire mar thoradh orthu, toisc go mbeidh a fhios ag an mbaill foirne na tosca go léir lena gcinntear a luach saothair inathraithe. D'fhéadfadh sé nach ngabhfaí na cuspóirí go léir le foirmlí, áfach, go háirithe na cuspóirí cáilíochtúla, ar féidir iad a ghabháil ar bhealach níos fearr le cuir chuige bhreithiúnacha. Leis an gcur chuige breithiúnach tugtar níos mó solúbthachta don bhainistíocht agus mar sin, d'fhéadfaí éifeacht dreasachta riosca-bhunaithe an luach saothair inathraithe bunaithe ar fheidhmíocht a lagú leis. Ba cheart, dá réir sin, é a chur i bhfeidhm le rialuithe iomchuí agus i bpróiseas trédhearcach atá doiciméadaithe go maith.
241. Níor cheart go mbeadh tosca amhail srianta buiséid, coinneáil ball foirne agus breithnithe earcaíochta, fóirdheontas i measc aonaid ghnó etc. i réim thar dháileadh an stóir bónaís mar go bhféadfaí an gaol idir feidhmíocht, riosca agus luach saothair a lagú leo.
242. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta taifid a choinneáil ar an dóigh ar cinneadh an stóir bónas agus luach saothair na foirne, lena n-áirítear conas a cuireadh meastacháin bunaithe ar chuir chuige éagsúla le chéile.

14.2.2 An coigeartú riosca ex ante sa phróiseas dámhachtana

243. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an stór bónas agus an luach saothair inathraithe a bheidh le dámhachtain a chinneadh bunaithe ar mheasúnú ar fheidhmíocht agus ar na rioscaí a glacadh. Ba cheart an coigeartú do rioscaí sula ndéanfar an dámhachtain ('coigeartú riosca ex ante') a bheith bunaithe ar tháscairí riosca agus ba cheart go n-áiritheofaí go mbeidh an luach saothair inathraithe arna dhámhachtain ailínithe go hiomlán leis na rioscaí a glacadh. Ba cheart na critéir a úsáidtear don choigeartú riosca ex ante a bheith sách gráinneach chun na rioscaí ábhartha go léir a léiriú.
244. Ag brath ar infhaighteacht na gcritéar um choigeartú riosca, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chinneadh cén leibhéal a chuirfidh siad coigeartuithe riosca ex ante i bhfeidhm

maidir le ríomh an stóir bónais. Ba cheart go mbeadh sé sin ar leibhéal an aonaid ghnó nó ar leibhéal na bhfostruchtúr eagraíochtúil de, e.g. an deasc trádála nó an ball foirne aonair.

245. Ba cheart ailíniú riosca a bhaint amach trí chritéir feidhmíochta atá coigeartaithe ó thaobh riosca de a úsáid, lena n-áirítear critéir feidhmíochta a choigeartaítear le haghaidh riosca bunaithe ar tháscairí riosca ar leith. Ba cheart critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla a úsáid.
246. Ba cheart go mbeadh na coigeartuithe riosca ex ante arna ndéanamh ag gnólachtaí infheistíochta, i gcás go bhfuil siad bunaithe ar chritéir chainníochtúla, ag brath den chuid is mó ar bhearta atá ann cheana laistigh de na gnólachtaí infheistíochta, a úsáidtear chun críocha eile bainistithe riosca. I gcás go ndéantar coigeartuithe ar bhearta dá leithéid laistigh de phróisis bainistíochta riosca, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta athruithe comhsheasmhacha a dhéanamh ar an gcreat luach saothair chomh maith.
247. Agus brabúsacht an ghnólachta infheistíochta agus a aonaid gnó á tomhas, ba cheart an tomhas a bhunú ar an nglanioncam i gcás go n-áirítear leis gach costas díreach agus indíreach a bhaineann leis an ngníomhaíocht. Níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta costais a bhaineann le feidhmeanna corparáideacha a eisiáimh, e.g. Costais TF, forchostais ghrúpa nó gnólachtaí scortha.
248. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta coigeartuithe riosca cáilíochtúla ex ante a dhéanamh agus an stór bónais agus luach saothair na mball foirne sainaitheanta á gcinneadh acu trí, mar shampla, úsáid a bhaint as scórchártaí cothromaithe ina gcuimsítear go sainráite breithnithe riosca agus rialaithe amhail sáruithe ar chomhlíonadh, sáruithe ar theorainneacha riosca agus táscairí rialaithe inmheánaigh (e.g. bunaithe ar thorthaí iniúchta inmheánaigh) nó ar mhodhanna comhchosúla eile.

15. Próiseas íocaíochta amach le haghaidh luach saothair inathraithe

249. Gan dochar d'fheidhmiú an tarscaoilte faoi Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta cuid den luach saothair inathraithe a íoc láithreach agus cuid de a iarchur, agus, nuair is gá, in ionstraimí agus in airgead tirim i gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2033. I gcás go n-íoctar méid ard luach saothair inathraithe in ionstraimí, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a mheas an mbeadh feabhas ar an ailíniú riosca le próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé dá ndéanfaí meascán d'ionstraimí éagsúla a dhámhachtain. Sula n-íocfar an chuid iarchurtha d'airgead tirim nó dílsiú na n-ionstraimí iarchurtha, ba cheart athmheasúnú ar an bhfeidhmíocht agus, más gá, coigeartú riosca ex post a chur i bhfeidhm chun luach saothair inathraithe a ailíniú le rioscaí breise arna sainaitheint nó arna réadú i ndiaidh na dámhachtana. Tá feidhm leis sin freisin i gcás go n-úsáidtear tréimhsí fabhráithe ilbhiantúla.

15.1 Luach saothair neamh-iarchurtha agus iarchurtha

250. Gan dochar do chur i bhfeidhm an tarscaoilte faoi Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta sceideal iarchurtha a chur chun feidhme lena ndéantar luach saothair na mball foirne a ailíniú go hiomchuí le gníomhaíochtaí, le timthriall gnó agus le próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus le gníomhaíochtaí na mball foirne sainaitheanta, ionas gur féidir cuid imleor den luach saothair inathraithe a choigeartú le haghaidh torthaí riosca le himeacht ama trí choigeartuithe riosca ex post.
251. Sainmhínítear sceideal iarchurtha trí chomhpháirteanna éagsúla:
- an cion den luach saothair inathraithe atá á iarchur (cuid 15.2);
 - fad na tréimhse iarchurtha (cuid 15.2);
 - an luas ag a ndílsíonn an luach saothair iarchurtha, lena n-áirítear an tréimhse ama ó dheireadh na tréimhse fabhraithe go dtí dílsiú an chéad mhéid iarchurtha (cuid 15.3).
252. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an fhoirm ina ndámhtar an luach saothair inathraithe iarchurtha a chur san áireamh laistigh den sceideal iarchurtha agus ba cheart dóibh, nuair is iomchuí, a sceidil iarchurtha a idirdhealú trí na comhpháirteanna sin a éagsúlú le haghaidh catagóirí éagsúla ball foirne sainaitheanta. Ba cheart go mbeadh sceideal iarchurtha éifeachtach mar thoradh ar chomhcheangal na gcomhpháirteanna sin, ina soláthraítear dreasachtaí soiléire maidir le glacadh riosca fadtéarmach trí nósanna imeachta trédhearcacha um ailíniú riosca.

15.2 Tréimhse iarchurtha agus cion den luach saothair iarchurtha

253. Tosaíonn an tréimhse iarchurtha i ndiaidh an dámhachtain a dhéanamh (e.g an uair a dhéantar an chuid tosaigh den luach saothair inathraithe a íoc amach). Is féidir an dá chineál luach saothair inathraithe, airgead tirim agus ionstraimí, a iarchur.
254. Agus an tréimhse iarchurtha iarbhír agus an chomhréir atá le hiarchur á socrú i gcomhréir leis na ceanglais íosta faoi Airteagal 32(1)(l) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an méid seo a leanas a mheas:
- freagrachtaí agus údaráis na mball foirne sainaitheanta agus na cúraimí a chomhlíon siad;
 - timthriall gnó agus cineál gníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta;
 - an luaineacht ionchasach i ngníomhaíocht eacnamaíoch agus i bhfeidhmíocht eacnamaíoch agus rioscaí an ghnólachta infheistíochta agus an aonaid gnó agus tionchar na mball foirne sainaitheanta ar an luaineacht sin;
 - an cóimheas idir comhpháirteanna inathraithe agus comhpháirteanna seasta an luach saothair iomláin agus méid absalóideach an luach saothair inathraithe.

255. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chinneadh cad iad na catagóirí ball foirne sainaitheanta, agus a ról agus a bhfreagrachtaí á gcur san áireamh freisin, ar cheart tréimhsí iarchurtha níos faide ná an íostréimhse riachtanach de thrí go cúig bliana ar a laghad a chur i bhfeidhm ina leith, lena áirithiú go mbeidh an luach saothair inathraithe ailínithe leis an bpróifíl riosca san fhadtéarmach. I gcás go n-úsáidtear tréimhsí fabhraithe ilbhliantúla níos faide agus i gcás go dtugtar níos mó cinnteachta leis an tréimhse fabhraithe níos faide maidir leis na rioscaí a réadaíodh ó thús na tréimhse fabhraithe, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an méid sin a chur san áireamh agus tréimhsí iarchurtha agus coinneála á socrú acu agus féadfaidh siad, nuair is iomchuí, tréimhsí iarchurtha a thabhairt isteach a bheidh níos giorra ná na tréimhsí iarchurtha a bheadh oiriúnach i gcás go mbainfí úsáid as tréimhse fabhraithe bliana. Tá feidhm ag an íoscheanglas um thréimhse iarchurtha trí bliana in aon chás.
256. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta sciar cuí den luach saothair a shocrú ar cheart é a iarchur do chatagóirí ball foirne sainaitheanta nó do bhall foirne sainaitheanta amháin ag an íosmhéid 40% nó os a chionn. I gcás méideanna an-ard luach saothair inathraithe, ba cheart go mbeadh an céatadán den tréimhse iarchurtha do bhaill foirne den sórt sin cothrom le 60% ar a laghad.
257. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a shainiú cén leibhéal luach saothair inathraithe is ea méid thar a bheith ard, ag cur san áireamh an meánluach saothair a íoctar laistigh den ghnólacht infheistíochta, tuarascáil tagarmharcála luach saothair an ÚBE ar ghnólachtaí infheistíochta agus, nuair atá siad ar fáil, torthaí tagarmharcála luach saothair náisiúnta agus eile agus na tairseacha arna socrú ag údaráis inniúla. Agus na treoirlíní á gcur chun feidhme, ba cheart do na húdaráis inniúla tairseach absalóideach nó choibhneasta a shocrú, agus na critéir thuas á gcur san áireamh. Ba cheart luach saothair ag an tairseach sin nó os a chionn a mheas i gcónaí mar luach saothair thar a bheith ard.
258. I gcás go gcinneann gnólachtaí infheistíochta an chomhréir a iarchuirfear trí chascáid méideanna absalóideacha (e.g. cuid idir 0 agus 100: 100% láithreach; cuid idir 100 agus 200: 50% láithreach agus iarchuirtear an chuid eile; agus cuid os cionn 200: 25% láithreach agus iarchuirtear an chuid eile), ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta ábalta a léiriú don údarás inniúil go gcloíonn an gnólacht infheistíochta, ar mheánbhonn ualaithe do gach ball foirne sainaitheanta, an tairseach iarchurtha íosta 40% go 60% agus go bhfuil an chuid iarchurtha iomchuí agus ailínithe i gceart le cineál an ghnó, lena rioscaí agus le gníomhaíochtaí an bhaill foirne sainaitheanta lena mbaineann.
259. I gcás go gcuirtear cosc le prionsabail ghinearálta an dlí náisiúnta conarthaí agus saothair ar laghdú suntasach a dhéanamh ar luach saothair inathraithe i gcás go mbeidh feidhmíocht airgeadais mhaolaithe nó dhiúltach an ghnólachta infheistíochta i gceist, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta scéim iarchurtha a chur i bhfeidhm agus ionstraimí a úsáid chun luach saothair inathraithe a dhámhachtain lena n-áirithítear go gcuirfear coigeartuithe riosca ex post i bhfeidhm a mhéid is féidir. Féadfaidh aon cheann díobh seo a leanas a bheith i gceist leis sin:

- a. tréimhsí iarchuir níos faide a shocrú;
- b. úsáid dílsithe pro rata a sheachaint i gcásanna inar féidir malus a chur i bhfeidhm, ach bheadh cur i bhfeidhm aisghlámtha faoi réir bacainní dlíthiúla;
- c. cion níos airde de luach saothair inathraithe a dhámhachtain in ionstraimí atá ailínithe le feidhmíocht an ghnólachta infheistíochta agus atá faoi réir tréimhsí iarchurtha agus coinneála atá sách fada.

15.3 Dílsiú luach saothair iarchurtha

260. Níor cheart an chéad chuid iarchurtha a dhílsiú níos luaithe ná 12 mhí i ndiaidh thús na tréimhse iarchurtha. Críochnaíonn an tréimhse iarchurtha nuair a bheidh an luach saothair inathraithe dámhachtana dílsithe nó i gcás gur laghdaíodh an méid go nialas mar gur cuireadh malus i bhfeidhm.
261. Ba cheart luach saothair iarchurtha a dhílsiú go hiomlán ag deireadh na tréimhse iarchurtha nó é a leathadh amach thar roinnt íocaíochtaí le linn na tréimhse iarchurtha i gcomhréir le hAirteagal 32(3) de Threoir (AE) 2019/2034.
262. Ciallaíonn dílsiú pro rata, mar shampla, tréimhse iarchurtha ceithre bliana i gcás go ndéantar, ag deireadh na mblianta $n+1$, $n+2$, $n+3$ agus $n+4$, an ceathrú cuid de dhílsiú an luach saothair iarchurtha, agus arb ionann n an tráth an chuid tosaigh den luach saothair inathraithe dáfa a íoc.
263. Níor cheart dílsiú a dhéanamh níos minice ná ar bhonn bliantúil chun measúnú ceart ar rioscaí a áirithiú sula gcuirfear coigeartuithe ex post i bhfeidhm.

15.4 Dámhachtain luach saothair inathraithe in ionstraimí

264. Ba cheart go gcuirfeadh na hionstraimí a úsáidtear chun luach saothair inathraithe a dhámhachtain le hailíniú luach saothair inathraithe le feidhmíocht agus le rioscaí an ghnólachta infheistíochta.
265. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta tús áite a thabhairt d'úsáid ionstraimí, mar a leagtar amach in Airteagal 32(j) de Threoir (AE) 2019/2034, arna n-eisiúint ag an ngnólacht infheistíochta féin. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta na hionstraimí atá liostaithe i bpoint (i), (ii) agus (iii) d'Airteagal 32(j) de Threoir (AE) 2019/2034 arna n-eisiúint faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe a úsáid chomh maith. D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí cothromaíocht de chineálacha éagsúla ionstraimí sa luach saothair inathraithe.
266. I gcás nach n-eisíonn gnólacht infheistíochta aon ionstraimí incháilithe, ach nach mbaineann sé leas as tarscaoileadh faoi Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart dó iarratas a dhéanamh ar shocrú malartach a úsáid, á léiriú nach n-eisíonn sé ionstraimí den sórt sin.

267. Ba cheart d'údaráis iniúla, agus cinneadh á dhéanamh acu iarratais chun socruithe eile a úsáid a dhéanamh, an méid seo a leanas a chur san áireamh:
- go bhfuil scaireanna eisithe ag gnólachtaí infheistíochta ar corparáidí stoic iad (liostaithe agus neamhliostaithe araon) agus dá réir sin go bhfuil scaireanna ginearálta agus in aon chás ionstraimí atá nasctha le scaireanna ar fáil chun luach saothair inathraithe a íoc;
 - dá mbeadh sé indéanta agus comhréireach don ghnólacht infheistíochta úsáid a bhaint as ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí coibhéiseacha neamhairgid, faoi réir struchtúr dlíthiúil an ghnólachta infheistíochta;
 - i gcás go n-eiseofaí 'ionstraimí eile' faoi Airteagal 32(j)(iii) de Threoir (AE) 2019/2034, a bhraitheann ar cé acu an bhfuil ionstraimí den sórt sin eisithe cheana féin ag gnólacht infheistíochta nó ag gnólacht infheistíochta atá faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe agus an bhfuil méideanna leordhóthanacha ionstraimí den sórt sin ar fáil. I gcás go bhfuil gnólachtaí infheistíochta maoinithe go príomha ar bhonn mórdhíola, nó go mbraitheann siad go mór ar fhiachas breise Leibhéal 1, Leibhéal 2 nó tarrthála inmheánaí lena gceanglais chaipitil a chomhlíonadh, ba cheart go mbeadh ionstraimí den sórt sin ar fáil chun críocha luach saothair inathraithe, ar an gcoinníoll go gcloífidh na 'hionstraimí eile' sin le Rialachán Tarmlichte ón gCoimisiún arna shainordú faoin IFD;
 - Má tá ceanglais shonracha ann faoin dlí saothair náisiúnta lena gcuirtear cosc ar úsáid ionstraime incháilithe eisithe chun luach saothair inathraithe a íoc amach.
268. Is éard is ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí coibhéiseacha neamhairgid ann (e.g. cearta ar luachmhéadú stoic, cineálacha scaireanna sintéiseacha) ná na hionstraimí sin nó na hoibleagáidí conarthacha sin, lena n-áirítear ionstraimí atá bunaithe ar airgead tirim, a bhfuil a luach bunaithe ar an margadhphraghas nó, i gcás nach bhfuil praghas margaidh ar fáil, luach cóir an stoic nó ceart úinéireachta coibhéiseach agus go rianaítear leo an praghas margaidh nó an luach cóir. Ba cheart go mbeadh an éifeacht chéanna ag gach ionstraim den sórt sin i dtéarmaí iniomparthacht cailteanas agus atá ag scaireanna nó leasanna coibhéiseacha úinéireachta.
269. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go mbeidh na hionstraimí dámhachtana ar fáil acu nuair a bheidh an luach saothair inathraithe arna dhámhachtain sna hionstraimí á ndílsiú. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta a chinneadh gan na hionstraimí a shealbhú le linn na tréimhse iarchurtha, ach gur cheart dóibh sa chás sin na rioscaí ábhartha margaidh a chur san áireamh.
270. Ba cheart ionstraimí a phraghsáil ag an bpraghas margaidh nó ag a luach cóir ar dháta dámhachtana na n-ionstraimí sin. Is ionann an praghas sin agus an bonn chun líon tosaigh na n-ionstraimí a chinneadh agus le haghaidh coigeartuithe ex post níos déanaí ar líon na n-ionstraimí nó ar a luach. Ba cheart luachálacha dá leithéid a dhéanamh freisin roimh an dílsiú lena áirithiú go gcuirfeadh coigeartuithe riosca ex post i bhfeidhm i gceart agus roimh dheireadh na tréimhse coinneála. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil liostaithe luach na

leasanna úinéireachta agus ionstraimí úinéireachta atá nasctha le hús a chur ar bun bunaithe ar na torthaí airgeadais bliantúla deiridh.

271. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta líon seasta nó méid ainmniúil ionstraimí iarchurtha a dhámhachtain ag baint úsáid as teicnící éagsúla, lena n-áirítear saoráidí iosta iontaobhaithe agus conarthaí, ar an gcoinníoll, i ngach cás, go gcuirfear líon nó méid ainmniúil na n-ionstraimí arna ndámhachtain ar fáil do na baill foirne shainaitheanta ag an dílsiú, mura rud é go ndearnadh an líon nó an méid ainmniúil a laghdú trí malus a chur i bhfeidhm. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go mbeidh na hionstraimí dámhachtana ar fáil lena n-íoc amach leis na baill foirne ar a dhéanaí nuair a bheidh siad dílsithe.
272. Níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta aon ús nó díbhinn a íoc ar ionstraimí a dámhadh mar luach saothair inathraithe ar bhaill foirne shainaitheanta faoi shocrúithe iarchuir; ciallaíonn sé sin freisin nár cheart ús agus díbhinní is iníochta le linn na tréimhse iarchurtha a íoc leis na baill foirne nuair a bheidh an tréimhse iarchurtha thart. Ba cheart déileáil le híocaíochtaí dá leithéid mar íocaíochtaí arna bhfáil ag an ngnólacht infheistíochta nó atá faoina úinéireacht. Ba cheart go mbeadh sé sin i bhfeidhm chomh maith maidir le hionstraimí neamhairgid a thagann le hionstraimí na bpunanna arna mbainistiú.

15.5 Íosmhéid na n-ionstraimí agus a ndáileadh le himeacht ama

273. Nuair is infheidhme, an ceanglas go n-íocfar, i gcomhréir le hAirteagal 32(1)(j) de Threoir (AE) 2019/2034, 50% ar a laghad d'aon luach saothair inathraithe in ionstraimí. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an ceanglas sin a chur i bhfeidhm go cothrom ar an gcuid neamh-iarchurtha agus ar an gcuid iarchurtha nó ba cheart go roghnódh siad sciar níos airde den luach saothair a iarchuireadh in ionstraimí, chomh fada agus a chomhlíontar an t-íoscheanglas 50% san iomlán.
274. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta tús áite a thabhairt d'úsáid ionstraimí seachas luach saothair inathraithe in airgead tirim a dhámhachtain. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an céatadán a dhámhtar in ionstraimí a shocrú ag 50% nó níos airde. I gcás go ndámhann gnólachtaí infheistíochta sciar níos airde ná 50% den luach saothair inathraithe in ionstraimí, ba cheart dóibh tús áite a thabhairt do sciar níos airde d'ionstraimí laistigh den chuid iarchurtha den chomhpháirt luach saothair inathraithe.
275. Ba cheart an cóimheas idir an luach saothair inathraithe a íoctar in ionstraimí a ríomh mar an líon idir méid an luach saothair inathraithe a dhámhtar in ionstraimí agus suim an luach saothair inathraithe a dhámhtar in airgead tirim, in ionstraimí agus in aon fhoirm eile. Ba cheart gach suim a luacháil ag an bpointe dámhachtana mura luaitear a mhalairt sna treoirínte seo.

15.6 Beartas coinneála

276. Ba cheart an tréimhse choinneála a chuirtear i bhfeidhm ar luach saothair inathraithe a íoctar in ionstraimí a shocrú ar fhad iomchuí chun dreasachtaí a ailíniú le leasanna níos fadtéarmaí an ghnólachta infheistíochta.
277. Ba cheart go mbeadh an gnólacht infheistíochta ábalta a mhíniú conas a bhaineann an beartas coinneála le bearta eile um ailíniú riosca agus conas a dhéantar idirdhealú leo idir ionstraimí a íoctar láithreach agus ionstraimí iarchurtha.
278. Agus an tréimhse choinneála á socrú, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta fad iomlán na tréimhse iarchurtha agus na tréimhse coinneála atá beartaithe agus an tionchar a bheidh ag an gcatagóir ball foirne sainaitheanta ar phróifíl riosca na ngnólachtaí infheistíochta agus ar fhad an timthrialla gnó atá ábhartha don chatagóir foirne a chur san áireamh.
279. Ba cheart tréimhse choinneála níos faide mar a chuirtear i bhfeidhm go ginearálta maidir le gach ball foirne sainaitheanta a bhreithniú i gcásanna go bhféadfadh na rioscaí a bhaineann leis an bhfeidhmíocht teacht chun cinn i ndiaidh dheireadh na tréimhse iarchurtha agus na tréimhse coinneála caighdeánaí, do na baill foirne is mó bhfuil tionchar acu ar phróifíl riosca na ngnólachtaí infheistíochta ar a laghad.
280. I gcás ionstraimí dámhachtana, ba cheart tréimhse choinneála de bhliain amháin ar a laghad a shocrú. Ba cheart tréimhsí níos faide a shocrú go háirithe i gcás ina mbraitheann coigeartuithe riosca ex post go príomha ar athruithe ar luach na n-ionstraimí a dámhadh. I gcás gurb é cúig bliana ar a laghad an tréimhse iarchurtha, féadfar tréimhse choinneála don chuid iarchurtha de shé mhí ar a laghad a fhorchur ar bhaill foirne shainaitheanta seachas comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus den lucht bainistíochta sinsearaí ar cheart íostréimhse choinneála bliana amháin a chur i bhfeidhm ina leith.

15.7 Coigeartú riosca

15.7.1 Malus agus aisghlámadh

281. Sásraí coigeartaithe riosca ex post follasacha is ea socruithe malus nó aisghlámtha i gcás go ndéanann an gnólacht infheistíochta féin luach saothair an bhaill foirne sainaitheanta a choigeartú bunaithe ar shásraí den sórt sin (e.g. trí luach saothair airgid arna ndámhachtain a ísliú nó trí líon nó luach na n-ionstraimí arna ndámhachtain a laghdú).
282. Gan dochar do phrionsabail ghinearálta an dlí náisiúnta conarthaí nó saothair, ní mór do ghnólachtaí infheistíochta a bheith ábalta socruithe malus nó aisghlámtha a chur i bhfeidhm go dtí suas le 10% den luach saothair inathraithe iomlán i gcomhréir le hAirteagal 32(1)(m) de Threoir (AE) 2019/2034 beag beann ar an modh a úsáidtear le haghaidh na híocaíochta, lena n-áirítear socruithe iarchurtha nó coinneála.

283. Ba cheart go mbeadh coigeartuithe riosca ex post bainteach le feidhmíocht nó riosca i gcónaí. Ba cheart go mbeadh siad ag teacht le torthaí riosca iarbhír nó athruithe ar rioscaí marthanacha ghníomhaíochtaí na ngnólachtaí infheistíochta, na líne gnó nó na mball foirne. Níor cheart go mbeidís bunaithe ar mhéid na ndíbhinní a íocadh nó ar theacht chun sin an phraghais scaireanna.
284. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta anailís a dhéanamh ar cé acu an leor a gcuid coigeartuithe riosca ex ante tosaigh, e.g. cé acu ar fágadh rioscaí ar lár nó ar measadh faoina luach iad nó ar sainathnódh rioscaí nua nó ar tharla cailleanais gan choinne. Braithfidh a mhéid is gá le coigeartú riosca ex post ar chruinneas an choigeartaithe riosca ex ante agus ba cheart don ghnólacht infheistíochta é a bhunú bunaithe ar chúltástáil.
285. Agus critéir á leagan síos maidir le malus agus aisghlámadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 32(1)(m) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta tréimhse a shocrú freisin ar lena linn a gcuirfear malus nó aisghlámadh i bhfeidhm ar baill foirne shainaitheanta. Ba cheart go gcumhdófaí tréimhsí iarchurtha agus coinneála ar a laghad faoin tréimhse sin. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta idirdhealú a dhéanamh idir critéir maidir le malus agus aisghlámadh a chur i bhfeidhm. Ba cheart aisghlámadh a chur i bhfeidhm go háirithe i gcás calaoise nó iompair eile le hintinn nó le mórfhaillí a raibh cailleanais shuntasacha mar thoradh air.
286. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, ar a laghad, na critéir feidhmíochta agus riosca a úsáideadh ar dtús a úsáid chun nasc idir an tomhas feidhmíochta tosaigh agus an chúltástáil a áirithiú. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, mar aon leis na critéir atá leagtha amach in Airteagal 32(1)(m)(i) agus (ii) de Threoir (AE) 2019/2034, critéir shonracha a úsáid lena n-áirítear:
- fianaise ar mhí-iompar nó ar earráid thromchúiseach ag an mball foirne (e.g. sárú ar an gcód iompair agus rialacha inmheánacha eile, go háirithe maidir le rioscaí);
 - ar tharla cur chun donais suntasach don ghnólacht infheistíochta agus/nó don aonad gnó ina dhiaidh sin ina fheidhmíocht airgeadais (e.g. táscairí gnó sonracha);
 - ar tharla teip shuntasach um bainistíocht riosca sa ghnólacht infheistíochta agus/nó san aonad gnó ina n-oibríonn an ball foirne sainaitheanta.
 - méaduithe suntasacha ar bhonn caipitil eacnamaíoch nó rialála an ghnólachta infheistíochta nó an aonaid ghnó;
 - aon smachtbhannaí rialála, e.g. pionósach, riaracháin, araíonachta nó eile, i gcás inar chuir iompar an bhaill foirne sainaitheanta leis an smachtbhanna.
287. I gcás nach féidir malus a chur i bhfeidhm ach amháin tráth dhílsiú na híocaíochta iarchurtha, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta a roghnú, nuair is féidir, aisghlámadh a chur i bhfeidhm i ndiaidh an luach saothair inathraithe a íoc nó a dhílsiú. D'fhéadfadh sé nach mbeifí

ábailta malus a chur i bhfeidhm i gcás go bhfuil feidhm ag an maolú faoi Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034 mar an ceanglas chun an luach saothair inathraithe a iarchur; ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú gur féidir aisghlámhadh a chur i bhfeidhm.

288. Ba cheart go laghdófaí an luach saothair inathraithe nuair is iomchuí mar thoradh ar shocruithe malus agus aisghlámtha. Níor cheart, in imthosca ar bith, go dtiocfadh méadú ar an luach saothair inathraithe a dámhadh ar dtús mar thoradh ar choigeartú riosca ex post follasach nó, i gcás inar cuireadh malus nó aisghlámhadh i bhfeidhm cheana féin, méadú ar an luach saothair inathraithe laghdaithe.

15.7.2 Coigeartuithe intuigthe

289. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta ionstraimí a úsáid le haghaidh luach saothair inathraithe i gcás go bhfreagraíonn an praghas d'athruithe ar fheidhmíocht nó ar riosca an ghnólachta infheistíochta. Níor cheart teacht chun cinn an stoicphraghais nó praghais ionstraimí eile a mheas mar ionadaí ar choigeartuithe riosca ex post follasacha.

290. I gcás gur dámhadh ionstraimí agus go ndíolann na baill foirne, i ndiaidh tréimhsí iarchurtha agus coinneála, na hionstraimí sin nó go n-íoctar an ionstraim in airgead tirim tráth a haibíochta deiridh, ba cheart go mbeadh na baill foirne ábalta an méid atá dlite a fháil. Is féidir leis an méid a bheith níos airde ná an méid a dámhadh ar dtús i gcás gur tháinig méadú ar phraghas an mhargaidh nó ar luach cóir na hionstraime.

Teideal V – Gnólachtaí infheistíochta a bhaineann leas as idirghabháil rialtais

16. Tacaíocht an stáit agus luach saothair

291. I gcomhréir le cuid 6 de na treoirínte reatha seo, i gcás ina mbaineann gnólachtaí infheistíochta leas as idirghabháil eisceachtúil rialtais, ba cheart d'údaráis inniúla agus do ghnólachtaí infheistíochta teagmhálacha rialta a chur ar bun maidir le socrú an stóir bóinas de luach saothair inathraithe féideartha agus maidir le dámhachtain luach saothair inathraithe chun comhlíonadh Airteagal 31 de Threoir (AE) 2019/2034 agus aon srianta breise arna bhforchur ag údaráis inniúla a áirithiú. Níor cheart go gcuirfí comhlíonadh an phlean téarnaimh agus fágála as idirghabháil eisceachtúil rialtais i mbaol le haon íocaíocht ar luach saothair inathraithe.

292. Le haghaidh gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE, ba cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rialacha maidir le Státchabhair a chur i bhfeidhm, ón 1 Lúnasa 2013, chun tacú le bearta i bhfabhar na mbanc i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais (2013)/C 216/01) a chur i bhfeidhm laistigh de na beartais luach saothair. Ba cheart aon choinníoll maidir le luach saothair a fhorchuirtear ar ghnólachtaí

infheistíochta i gcás go bhfaomhann an Coimisiún stáitchabhair agus gur deonaíodh í agus laistigh d'aon ghníomhartha gaolmhara a léiriú go hiomchuí i mbeartas luach saothair na ngnólachtaí infheistíochta.

293. Níor cheart go gcuirfeadh luach saothair inathraithe de chuid ball foirne gnólachta infheistíochta cosc ar aisíocaíocht ordúil agus tráthúil as idirghabháil eisceachtúil an rialtais nó ar bhaint amach na gcuspóirí atá leagtha síos sa phlean um athstruchtúró.
294. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta a áirithiú nach ndéanfaidh stór bóinas nó dílsiú agus íoc amach luach saothair inathraithe damáiste d'fhorbairt thráthúil a bhoinn caipitil agus laghdú ar a spleáchas ar idirghabháil eisceachtúil rialtais.
295. Ba cheart do na húdaráis inniúla faireachán a dhéanamh go gcomhlíonann an gnólacht infheistíochta coinníollacha Airteagal 31 de Threoir (AE) 2019/2034 agus féadfaidh siad uaschéatadán a shocrú den ghlanioncam is féidir a úsáid chun luach saothair athraithe a íoc.

Teideal VI - Údaráis inniúla

17. Beartais luach saothair

296. Ba cheart d'údaráis inniúla cur chuige riosca-bhunaithe a chur i bhfeidhm agus maoirseacht á déanamh acu ar bheartais agus cleachtais luach saothair gnólachtaí infheistíochta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu i gcomhréir le treoirlínte ÚBE maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta.
297. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú laistigh dá n-athbhreithniú maoirseachta, agus na treoirlínte seo á gcur san áireamh, go gcomhlíonann gnólachtaí infheistíochta na ceanglais maidir le beartais luach saothair a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/2034 agus forálacha CRT maidir le baill foirne shainaitheanta, lena n-áirítear go bhfuil beartais luach saothair iomchuí atá neodrach ó thaobh inscne de i bhfeidhm acu do na baill foirne uile agus do bhail foirne shainaitheanta.
298. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta a mbeartas agus a gcleachtais luach saothair a ailíniú leis an straitéis ghnó agus le leas fadtéarmach an ghnólachta infheistíochta, agus a straitéis ghnó agus riosca, a chultúr agus a luachanna corparáideacha, agus a phróifíl riosca á gcur san áireamh.
299. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil beartais, cleachtais agus próisis luach saothair gnólachtaí infheistíochta iomchuí, lena n-áirítear dámhachtain luach saothair inathraithe ráthaithe, scaoilíocaíochtaí agus sochar pinsin lánroghnacha.
300. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil uaschóimheas iomchuí socraithe ag gnólachtaí infheistíochta idir an chuid inathraithe agus an chuid sheasta den luach saothair iomlán.

301. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an mbearna pá inscne laistigh de ghnólachtaí infheistíochta agus obair leantach a dhéanamh maidir le léiriú ar bith nach bhfuil beartais luach saothair neodrach ó thaobh inscne de.
302. Ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla sásta le toradh foriomlán an phróisis aitheantais agus ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar ar sainaitheandh gach ball foirne a bhfuil nó a bhféadfadh go mbeadh tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé agus go bhfuil réasúnú maith le haon eisiamh ball foirne ón gcatagóir ball foirne sainaitheanta, i gcás nár sainaitheandh ach baill foirne de réir na gcritéar cainníochtúil sa CTR amháin agus gur comhlíonadh na próisis faoi seach atá leagtha amach sna treoirlínte seo agus sa CTR.
303. Gan dochar do bhearta agus do smachtbhannaí maoirseachta agus araíonachta eile, ba cheart go n-éileodh na húdaráis inniúla ar ghnólachtaí infheistíochta bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun aon easnamh a shainaitheandh a leigheas. I gcás nach gcomhlíonann gnólachtaí infheistíochta an t-iarratas sin, ba cheart bearta maoirseachta iomchuí a ghlacadh.

20. Nochtuithe

304. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar nochtuithe poiblí luach saothair arna ndéanamh ag gnólachtaí infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) 2019/2033, agus ba cheart dóibh a dhearbhu cad iad na gnólachtaí infheistíochta ar cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar nochtuithe ina leith.
305. Mar aon leis an tagarmharcáil maidir le cleachtas luach saothair a cheanglaítear faoi Airteagal 34(1) de Threoir (AE) 2019/2034 agus an cleachtadh maidir le bailiú sonraí maidir le daoine a bhfuil teacht isteach ard acu faoi Airteagal 34(4) den Treoir sin, ba cheart go n-éileodh údaráis inniúla tuairisciú maoirseachta tréimhsiúil (nó ad hoc) maidir le nochtuithe luach saothair de réir mar is iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt cleachtas luach saothair laistigh de ghnólachtaí infheistíochta agus go háirithe laistigh de na gnólachtaí infheistíochta is mó sa Bhallstát sin.

21. Coláiste maoirseoirí

306. Ba cheart do choláistí maoirseoirí arna gcur ar bhun de bhun Airteagal 48 de Threoir (AE) 2019/2034 saincheisteanna luach saothair a phlé i gcomhréir leis an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta, agus na réimsí breise athbhreithnithe maoirseachta a cheanglaítear faoi na treoirlínte seo á gcur san áireamh.

